2026/2383

3.11.2026

TREOIR (AE) 2026/2383 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Treoracha 2009/43/CE agus 2009/81/CE, a mhéid a bhaineann le haistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Aontas a shimpliú agus soláthar slándála agus cosanta a shimpliú

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 53(1), Airteagal 62 agus Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa [1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach [2],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá bagairt ghéar mhéadaithe roimh an Aontas, mar a cuireadh i bhfios go láidir sa Pháipéar Bán Comhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 19 Márta 2025 maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa 2030 (‘an Páipéar Bán Comhpháirteach’), atá nasctha go háirithe le coinbhleacht iomlán a bheith ann arís san Eoraip mar gheall ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Mar fhreagairt ar na dúshláin slándála atá ag dul in olcas, agus chun a uathriail straitéiseach agus athléimneacht a neartú, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh an tAontas gníomhaíocht chinntitheach chun a chumais chosanta a neartú agus go leanfaidh sé de bheith diongbháilte ina thacaíocht don Úcráin. Gné ríthábhachtach den iarracht sin is ea an gá atá le dlús a chur le hacmhainneacht táirgeachta cosanta an Aontais san Aontas agus slándáil a soláthair a fheabhsú d’fhonn fíormhargadh Eorpach a bhaint amach do tháirgí agus do sheirbhísí a bhaineann le cosaint, ina gcumasófar don Aontas agus dá Bhallstáit freagairt go héifeachtach d’éilimh slándála atá ag teacht chun cinn. Tá gá práinneach le dlús a chur le hullmhacht cosanta na hEorpa chun a áirithiú go mbeidh seasamh cosanta Eorpach láidir leordhóthanach ag an Aontas agus a Bhallstáit faoi 2030.

(2) Chun méadú spriocanna ullmhacht cosanta na mBallstát agus an Aontais a bhaint amach agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú, tá simpliú agus comhchuibhiú rialála, lena gcothaítear uathriail straitéiseach, trédhearcacht agus cuntasacht an Aontais, fíor-riachtanach. Trí chreataí rialála a chuíchóiriú agus a ailíniú, is féidir leis an Aontas timpeallacht níos fabhraí a chruthú do thionscail chosanta, lena n-áirítear d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna)agus cuideachtaí meánchaipitlithe, chun na cumais riachtanacha a oibriú, a scálú, a nuáil agus a tháirgeadh chun ullmhacht slándála agus cosanta na hEorpa a áirithiú. Sa Pháipéar Bán Comhpháirteach leagadh amach na cuspóirí don simpliú seo ar reachtaíocht a mbíonn tionchar aici ar an ullmhacht cosanta.

(3) Is réamhriachtanas é córas aistrithe dea-fheidhmiúil do tháirgí a bhaineann le cosaint ar fud na mBallstát i gcás margadh uile-Aontais do na táirgí sin. Cothófar leis comhar san Aontas idir eintitis eacnamaíocha, eagraíochtaí taighde agus nuálaithe atá ag feidhmiú i réimse na cosanta, rud a fheabhsóidh aistriú eolais ar fud na n-eintiteas ó gach cearn den Aontas, a spreagfaidh nuálaíocht agus a neartóidh an margadh inmheánach. Trí chonstaicí agus bacainní neamhriachtanacha a bhaint, cuirfear forbairt teicneolaíochtaí suaiteacha agus próiseas tionsclaíoch nuálach chun cinn. Tríd an méid sin a dhéanamh, tabharfaidh sé aghaidh ar bhearnaí criticiúla ullmhachta, rud a chothóidh earnáil cosanta na hEorpa a bheidh níos dinimiciúla, níos iomaíche agus níos solúbtha.

[1] IO C, C/2026/30, 16.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/30/oj.
[2] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Meán Fómhair 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2026.

(4) Tá aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Aontas faoi réir réamhúdarú trí cheadúnais ghinearálta, dhomhanda nó aonair aistriúcháin arna ndeonú nó arna bhfoilsiú ag an mBallstát ar mian leis an soláthróir táirgí a bhaineann le cosaint a aistriú óna chríoch. Féadfaidh na Ballstáit aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint a dhíolmhú ón oibleagáid réamhúdarú a fháil i gcásanna sonracha a liostaítear i dTreoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Agus na forbairtí sa staid slándála agus tabhairt isteach nó leanúint tionscadal cosanta comhoibríoch Eorpach amhail iad siúd atá faoi chuimsiú an Bhuanchomhair Struchtúrtha (PESCO) á gcur san áireamh, lena n-áirítear cruthú nó athbheochan braislí réigiúnacha tionscail cosanta, neartú cumais thionsclaíocha áitiúla, cur chun cinn aistriú teicneolaíochta, sineirgí agus scálú tionsclaíoch, agus slabhraí soláthair ríthábhachtacha a neartú agus sochair á leathnú ar fud na mBallstát, tionscadail atá cistithe faoi chláir thionsclaíocha chosanta an Aontais, Tionscadail Eorpacha Leasa Choitinn um an gCosaint (TELCCanna) nó cláir armála chomhoibríocha idir na Ballstáit, lena n-áirítear faoi Struchtúir do Chláir Armála na hEorpa (SEAPanna), atá dírithe go háirithe ar chomhar laistigh den Aontas a neartú is iomchuí liosta na gcásanna ina bhféadfaidh na Ballstáit aistrithe a dhíolmhú ó réamhúdarú a leathnú. Is féidir, le díolúintí, infhaighteacht thráthúil cumas agus dálaí intuartha don tionscal, lena n-áirítear FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, a éascú ar fud an mhargaidh inmheánaigh. Go sonrach, ba cheart é a bheith indéanta do na Ballstáit aistrithe is gá chun tionscadail chosanta chomhoibríocha Eorpacha a chur chun feidhme a dhíolmhú, amhail tionscadail faoi chreat PESCO, tionscadail atá cistithe ag cláir thionsclaíocha chosanta an Aontais, TELCCanna nó cláir armála chomhoibríocha idir na Ballstáit, lena n-áirítear faoi SEAPanna, aistrithe faoi chuimsiú comhpháirtíochtaí tionsclaíocha struchtúrtha laistigh den Aontas, aistrithe chun institiúidí agus comhlachtaí an Aontais agus chun na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint, aistrithe idir soláthróirí deimhnithe agus faighteoirí deimhnithe, aistrithe i gcás práinne a eascraíonn as géarchéim nó aistrithe a bhfuil sé mar aidhm acu cabhair agus cúnamh a sholáthar de bhun Airteagal 42(7) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus aistrithe a bhaineann le cúnamh míleata agus cosanta a eascraíonn as gníomhaíochtaí an Aontais faoi Airteagal 28 CAE.

(5) Ó tá ról ríthábhachtach ag comhpháirtíochtaí tionsclaíocha struchtúrtha laistigh den Aontas in iomaíochas, nuálaíocht agus athléimneacht thionscal cosanta an Aontais a fheabhsú trí chomhar thar theorainneacha náisiúnta laistigh den Aontas a chothú, ba cheart aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh de na comhpháirtíochtaí sin a éascú. Cuireann na comhpháirtíochtaí sin, arb é is príomhthréith dóibh a gcobhsaíocht le himeacht ama agus cuspóirí comhroinnte, le cumais chosanta an Aontais atá slán agus idir-inoibritheach a fhorbairt, agus iad a ailíniú le leasanna straitéiseacha an Aontais. Chun a n-éifeachtúlacht oibríochtúil a éascú agus solúbthacht i slabhraí soláthair a áirithiú, is iomchuí ceadúnas ginearálta aistrithe a thabhairt isteach le haghaidh aistrithe faoi chuimsiú comhpháirtíocht thionsclaíoch struchtúrtha laistigh den Aontas nó é a chur ar a gcumas do na Ballstáit na haistrithe sin a dhíolmhú ón oibleagáid maidir le réamhúdarú. Ba cheart na díolúintí sin a chur i bhfeidhm ar bhonn cás ar chás maidir le cásanna sonracha comhpháirtíochtaí tionsclaíocha struchtúrtha laistigh den Aontas amhail cuibhreannas, comhfhiontar nó grúpa corparáideach ar leith agus níor cheart iad a úsáid mar eisiamh ginearálta is infheidhme maidir le gach eintiteas atá i mbun comhpháirtíochtaí tionsclaíocha struchtúrtha laistigh den Aontas. Áirithítear leis an gcur chuige sin go gcoinneoidh na Ballstáit feiceálacht agus formhaoirseacht maidir leis na heintitis a bhaineann tairbhe as díolúine den sórt sin, rud a chumasóidh dóibh comhlíonadh na gcritéar a leagtar amach i dTreoir 2009/43/CE arna leasú leis an Treoir seo a fhíorú.

(6) Toisc an timpeallacht slándála atá ag athrú go tapa, tá gá le solúbthacht bhreise a chumasóidh don Choimisiún agus do na Ballstáit freagairt ar bhealach spriocdhírithe solúbtha. Thairis sin, is iomchuí an Coimisiún a chumhachtú, ar iarraidh a fháil ó Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, cásanna nua a chur isteach ina gcumasófaí do na Ballstáit díolúintí ón oibleagáid chun réamhúdarú a thabhairt isteach, a d'fhágfadh go mbeadh solúbthacht mhéadaithe ann agus go bhféadfaí táirgí a bhaineann le cosaint a aistriú ar bhealach simplithe agus luathaithe laistigh den Aontas.

(7) Chun feidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil an chórais aistrithe laistigh den Aontas a áirithiú i gcás táirgí a bhaineann le cosaint, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh gach soláthróir ar mian leo na táirgí sin a aistriú óna gcríoch ábalta ceadúnais ghinearálta aistrithe a úsáid nó cur isteach ar cheadúnais aistrithe dhomhanda nó aonair. Níor cheart aon réamhchoinníoll a fhorchuirfidh na Ballstáit a bheith bunaithe ach ar chritéir atá ábhartha go díreach do chumas na soláthróirí an reachtaíocht i réimse an aistrithe agus an rialaithe onnmhairí a urramú. Níor cheart go gcoiscfeadh critéir, amhail foirm dhlíthiúil nó stádas na soláthróirí, catagóirí áirithe soláthróirí ar cheadúnais ghinearálta aistrithe a úsáid nó ar cur isteach ar cheadúnais aistrithe dhomhanda nó aonair.

([3]) Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 6 Bealtaine 2009 lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal (IO L 146, 10.6.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/43/oj).

(8) Is iomchuí ceadúnas ginearálta aistrithe a thabhairt isteach le haghaidh aistrithe idir soláthróirí deimhnithe agus faighteoirí deimhnithe. Chun comhar idir na gnóthais sin agus a gcomhtháthú a chothú tuilleadh, ba cheart níos mó táirgí a bhaineann le cosaint a chumhdach le ceadúnas ginearálta aistrithe den sórt sin ná leis na ceadúnais ghinearálta aistrithe reatha i gcás aistrithe chun faighteoirí deimhnithe. Tá acmhainneacht láidir léirithe ag gnóthais dheimhnithe chun rialacha aistrithe agus rialaithe onnmhairiúcháin a chomhlíonadh agus tá tacaithe acu chomh maith le costais thábhachtacha chun deimhniú a bhaint amach. Ba cheart lamháil dóibh tairbhe a bhaint as deiseanna simplithe agus nach bhfuil chomh trom sin chun aistrithe laistigh den Aontas a dhéanamh. Mar gheall ar cheadúnas ginearálta aistrithe den sórt sin a thabhairt isteach, ba cheart Airteagal 9 de Threoir 2009/43/CE a leasú chun deimhniúchán soláthróirí a chur san áireamh.

(9) Mar a shonraítear in Airteagal 1(2) de Threoir 2009/43/CE, ní dhéanann an Treoir sin difear do lánrogha na mBallstát a mhéid a bhaineann le beartas maidir le honnmhairiú táirgí a bhaineann leis an gcosaint.

(10) Foráiltear le Treoir 2009/43/CE go mbeidh na Ballstáit ábalta ceadúnais ghinearálta aistrithe a thabhairt isteach seachas iad siúd a liostaítear in Airteagal 5(2) den Treoir sin. Mar sin féin, d'fhéadfadh rialacha náisiúnta lena dteorannaítear solúbthacht agus cumas na n-údarás inniúil náisiúnta lántairbhe a bhaint as na hionstraimí a tugadh isteach le Treoir 2009/43/CE cur isteach ar an bhféidearthacht sin. Mar shampla, d'fhéadfadh cineálacha breise ceadúnas ginearálta aistrithe a bheith bainteach le haistrithe is gá chun tionscadail arna gcistiú ag cláir thionsclaíocha chosanta an Aontais a chur chun feidhme, le haistrithe inghrúpa nó le haistrithe i gcás práinne a eascraíonn as géarchéim. Trí úsáid mhéadaithe ceadúnas ginearálta aistrithe, chuirfeadh na Ballstáit le feidhmiú cuí agus comhtháthú breise mhargadh cosanta na hEorpa ar fud an Aontais, lena n-áirítear rochtain trasteorann laistigh den Aontas ar shlabhraí soláthair cosanta, go háirithe do FBManna agus do chuideachtaí meánchaipitlithe. Is iomchuí, dá bhrí sin, a cheangal ar na Ballstáit, ina reachtaíocht náisiúnta, tabhairt isteach ceadúnas ginearálta aistrithe seachas na cinn a liostaítear in Airteagal 5(2) de Threoir 2009/43/CE a chumasú.

(11) Is minic a chuirtear bac ar chur chun feidhme chláir thionsclaíocha chosanta an Aontais, amhail an Ciste Eorpach Cosanta (CEC), mar gheall ar mhoilleanna móra ar aistriú táirgí a bhaineann leis an gcosaint, mar gheall ar na próisis fhada chasta a bhaineann le ceadúnais aistrithe a fháil ag na Ballstáit. Bíonn tionchar díréireach ag na moilleanna sin ar FBManna go háirithe, rud a chiallaíonn go mbíonn siad faoi mhíbhuntáistí iomaíochta i gcomparáid le gníomhaithe móra sa mhargadh. Bíonn tionchar díobhálach ag na moilleanna sin ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht fhoriomlán na gclár sin agus is féidir leo an bonn a bhaint de chumas an Aontais agus a Bhallstát na cumais chosanta a theastaíonn uathu a fhorbairt agus a fháil ar bhealach tráthúil agus costéifeachtach. is gá ceadúnais ghinearálta aistrithe a thabhairt isteach, mar sin, i gcomhair na gclár sin. Ba cheart feidhm a bheith ag raon feidhme na gceadúnas ginearálta aistrithe sin maidir le gach aistriú, cibé acu inláimhsithe nó doláimhsithe iad, nach mór don soláthróir a dhéanamh chun an tionscadal a chur chun feidhme agus a mhéid is féidir feadh an tslabhra soláthair ar fad. Ba cheart do na ceadúnais sin na táirgí a bhaineann le cosaint a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2009/43/CE a chumhdach agus níor cheart go mbeadh feidhm acu ach amháin maidir leis na haistrithe is gá chun tionscadail shonracha a chur chun feidhme. Níor cheart a chumhdach leis na ceadúnais ghinearálta aistrithe sin ach aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Aontas. I gcás ina mbeidh eintiteas atá bunaithe i dtríú tír rannpháirteach chomh maith i dtionscadal arna chistiú ag clár tionsclaíoch cosanta de chuid an Aontais, níor cheart tionchar a bheith ag forálacha na Treorach ar rialú onnmhairí chun eintitis tríú tír den sórt sin agus ba cheart dó leanúint de bheith faoi réir bheartas na mBallstát maidir le rialú onnmhairí. Ba cheart do na Ballstáit, a mhéid is féidir, foráil a dhéanamh chomh maith go mbainfeadh na ceadúnais sin le saolré iomlán an táirge a fhorbraítear i dtionscadal ar leith, lena n-áirítear céimeanna táirgthe, cothabhála agus uasghrádaithe. Dá dtabharfaí isteach na ceadúnais ghinearálta aistrithe sin, laghdófaí moilleanna, mhéadófaí éifeachtúlacht agus d'éascófaí comhar idir gnóthais atá rannpháirteach sna tionscadail sin, rud a thacódh le tionscal cosanta an Aontais atá láidir agus iomaíoch a fhorbairt. Ba cheart a thuiscint gurb ionann an téarmaíocht a úsáidtear sa chomhthéacs sin agus téarmaíocht shamhail-chomhaontú deontais le haghaidh chláir chosanta an Aontais.

(12) Ina theannta sin, agus éabhlóid na teicneolaíochta á cur san áireamh, is gá na ceanglais maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar ag soláthróirí táirgí a bhaineann le cosaint a oiriúnú, ó d'fhéadfadh ualach trom a bheith ag baint leis na forálacha reatha i gcásanna aistrithe doláimhsithe bogearraí agus teicneolaíochta. Is iomchuí an tsolúbthacht is gá a sholáthar do sholáthróirí agus cuntasacht, trédhearcacht agus rialú á gcoinneáil ar bun ag an am céanna, chun aistriú éifeachtúil agus éifeachtach táirgí cosanta laistigh den Aontas a éascú. Éilíonn an gá atá le modhnú ar na ceanglais sin i gcás aistrithe doláimhsithe bogearraí agus teicneolaíochta measúnú cás ar chás. Mar sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach bhfuil na ceanglais sin díréireach do na soláthróirí. Ba cheart na ceanglais sin a bheith comhréireach le cuspóirí rialaithe na mBallstát agus a oiriúnú de réir mar is gá chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíocht aistrithe gan oibleagáidí míchuí a fhorchur ar sholáthróirí.

(13) Chun comhar idir gnóthais laistigh den Aontas a éascú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a tharmligean chuig an gCoimisiún d'fhonn liosta na n-aistrithe is féidir a dhíolmhú ón oibleagáid réamhúdaraithe a leasú, chun cásanna a áireamh ina bhfuil gá le haistrithe i gcás comhar laistigh den Aontas. Tá sé tábhachtach go háirithe go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([4]). Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(14) Sa mhéid go leasaítear Treoir 2009/43/CE leis an Treoir seo, is é Airteagal 114 CFAE an bunús dlí iomchuí, a mhéid a bhaineann leis na leasuithe sin.

(15) Chun na cumais agus an ullmhacht is gá a fhorbairt chun fogha armtha a dhíspreagadh go héifeachtach agus slándáil agus uathriail straitéiseach an Aontais a neartú, tá gá le méadú suntasach ar an infheistíocht Eorpach i réimse na cosanta. Bunaithe ar réamh-mheastacháin ar ghlacadh de réir a chéile, d'fhéadfadh EUR 800 billiún ar a laghad a bheith san infheistíocht sa chosaint sna 4 bliana amach romhainn, lena n-áirítear an caiteachas a mhaoinítear leis an EUR 150 billiún ó Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle ([5]) Tá soláthar poiblí substaintiúil i gceist leis na hinfheistíochtaí móra sin sa chosaint a dhéanann na Ballstáit. Chun a áirithiú go mbeidh méadú ar chumais mar thoradh ar chaiteachas méadaithe chomh maith, is iomchuí forálacha áirithe de Threoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) a shimpliú, a rialaíonn soláthar na cosanta agus oibreacha, earraí agus seirbhísí slándála íogaire, fad a choinnítear margadh na cosanta a fheidhmíonn go maith ar bun. Ba cheart an tsolúbthacht a thabhairt do na Ballstáit a gcuid stoc a athshlánú go tapa agus an cumas sin a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe, rud is fearr is féidir a bhaint amach trí leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an mhargaidh inmheánaigh. Trí na rialacha soláthair cosanta san Aontas a chuíchóiriú, ba cheart an tsolúbthacht is gá a bheith ag na Ballstáit chun freagairt do riachtanais slándála atá ag teacht chun cinn, agus margadh cosanta Eorpach iomaíoch agus comhtháite á chur chun cinn ag an am céanna chun tacú lena gcumais chosanta fhadtéarmacha.

(16) Chun an tsolúbthacht riachtanach a bhaint amach chun freagairt do riachtanais slándála atá ag teacht chun cinn, is gá na méideanna tairsí a ardú do chonarthaí a chumhdaítear le Treoir 2009/81/CE. Chuirfeadh an coigeartú sin ar chumas na mBallstát a n-acmhainní a dhíriú ar na conarthaí is criticiúla, agus d'éascódh sé an t-ualach riaracháin ar an tionscal le haghaidh nósanna imeachta soláthair níos lú, rud a chuideodh leis an gcastacht rialála agus na costais a bhaineann leis na conarthaí sin a laghdú, fad a chothaítear rannpháirtíocht níos mó uathu siúd atá ag dul isteach sa mhargadh, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, i ndeiseanna soláthair níos lú agus níos inrochtana. Fiú i gcás nach sroichfidh conradh na méideanna tairsí, áfach, tá prionsabail ghinearálta an tsoláthair phoiblí faoi dhlí an Aontais, lena n-áirítear an trédhearcacht, an neamh-idirdhealú agus an chóir chomhionann, agus an chomhréireacht fós infheidhme.

(17) Thairis sin, ba cheart an tsolúbthacht a thabhairt do na Ballstáit leas a bhaint as na huirlisí uile atá ar fáil a bhaineann le soláthar poiblí. Chun líon na mbealaí ar féidir le húdaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha soláthar poiblí a mhéadú, ba cheart an deis a chur isteach chun an nós imeachta oscailte agus an córas dinimiciúil ceannaigh a úsáid. Tá an dá nós imeachta sin bunaithe ar na cinn dá bhforáiltear i dTreoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]). Tá sé tábhachtach go n-úsáidfidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha breis critéar praghais cáilíochta nuair is féidir agus córas dinimiciúil ceannaigh á úsáid.

([4]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.

([5]) Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2025 lena mbunaítear an Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) trí Atreisiú an Tionscail Cosanta Eorpaigh (IO L, 2025/1106, 28.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1106/oj).

([6]) Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údaráis chonarthacha nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE (IO L 216, 20.8.2009, lch. 76, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/81/oj).

([7]) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/24/oj).

(18) Tá géarghá ann go n-úsáidfidh an tAontas a chumas foriomlán nuálaíochta agus go ndéanfaidh sé infheistíochtaí suntasacha a dhíriú ar an mbuntáiste a bhaint amach arís, chun nach mbeidh sé cleithiúnach ó thaobh na teicneolaíochta de. Ba cheart Treoir 2009/81/CE a oiriúnú freisin chun tacú níos fearr le soláthar na nuálaíochta, chun a áirithiú go mbeidh na hinfheistíochtaí móra a dhéanann na Ballstáit chun a n-ullmhacht cosanta a mhéadú slán i bhfad na haimsire agus go mbeidh tairbhí fadtéarmacha ag baint leo. Trí sholáthar réiteach nuálach cosanta a éascú, d'fhéadfadh an tAontas forbairt teicneolaíochtaí agus cumas ceannródaíoch a spreagadh, an chosaint a chlaochlú ar deireadh trí nuálaíocht shuaiteach agus éifeachtacht agus athléimneacht a chórais cosanta a fheabhsú. Chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do sholáthar taighde agus forbartha agus réiteach nuálach, ba cheart nós imeachta comhpháirtíochta nuálaíochta atá modhnaithe agus níos solúbtha bunaithe ar Threoir 2014/24/AE a thabhairt isteach i dTreoir 2009/81/CE.

(19) Leagtar amach i dTreoir 2009/81/CE rialacha sonracha is infheidhme i gcásanna práinne de dheasca géarchéime, amhail na tréimhsí a ghiorrú chun tairiscintí a fháil agus an deis úsáid a bhaint as an nós imeachta idirbheartaíochta gan iarratas ar thairiscintí a fhoilsiú roimh ré. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach béim a leagan ar chineál dinimiciúil an téarma 'géarchéim', chun a shoiléiriú go bhfolaíonn sé cásanna éigeandála a eascraíonn as éabhlóid géarchéimeanna fada, lena n-áirítear forbairt na staide geopholaitiúla. Admhaítear sa sainmhíniú ar ghéarchéim faoi Airteagal 1, pointe (10), de Threoir 2009/81/CE gur féidir le géarchéim leanúint ar aghaidh agus forbairt le himeacht ama, thar an teagmhas díobhálach a spreag í.

(20) Tá gá le hinfheistíocht chomhoibríoch níos mó agus níos fearr, ó thaighde go forbairt córas casta, trí thráchtálú go soláthar, chun ceannasacht theicneolaíoch an Aontais a mhéadú. Tá soláthar comhoibríoch ag na Ballstáit ríthábhachtach chun éifeachtúlacht, éifeachtacht agus idir-inoibritheacht na gcumas cosanta a fheabhsú, rud a chuirfidh le cosaint Eorpach a bheith níos láidre agus níos comhtháite. Ag tógáil ar fhógra 2019 ón gCoimisiún maidir le treoraíocht ar sholáthar comhoibríoch i réimsí na cosanta agus na slándála ([8]), is gá forálacha a bhaineann leis na Ballstáit a bheith rannpháirteach i gcláir chomhoibritheacha a leagan síos atá bunaithe ar thaighde agus ar fhorbairt tar éis dheireadh na céime taighde agus forbartha do na céimeanna níos déanaí den saolré. Ina theannta sin, agus chun tacú leis na céimeanna níos déanaí de shaolré na gclár taighde agus forbartha cosanta arna gcistiú ag an Aontas, is gá a shoiléiriú gur féidir leis na Ballstáit tairbhe a bhaint as an eisiamh le haghaidh cláir chomhair atá bunaithe ar thaighde agus ar fhorbairt faoi na coinníollacha céanna freisin le haghaidh tionscadail arna gcistiú faoi chláir thaighde agus forbartha i réimse na cosanta, amhail CEC. Leis sin, sholáthrófaí an deimhneacht dhlíthiúil is gá agus d'áiritheofaí go dtacódh an tsolúbthacht arna cumasú tríd an eisiamh le leanúint de thionscadail CEC faoi chreat comhoibritheach fiú tar éis thabhairt chun críche na céime taighde agus forbartha. Shoiléireofaí leis freisin go mbainfeadh na Ballstáit a thagann isteach tar éis na céime taighde agus forbartha mar fhíor-rannpháirtithe sa chlár comhoibritheach tairbhe as an eisiamh freisin.

(21) Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do sholáthar comhoibríoch agus chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, is gá Treoir 2009/81/CE a leasú chun rialacha maidir le soláthar a leagan síos lena mbaineann údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha ó na Ballstáit éagsúla.

(22) Chun bheith ábalta freagairt go tapa agus ar shlí chomhordaithe do dhúshláin slándála éiritheacha, tá údaráis/eintitis chonarthacha ábalta lamháil do chontrapháirtithe ó Bhallstáit eile a bheith rannpháirteach i gcreat-chomhaontú reatha le linn a théarma fiú mura samhlófar leis an gcreat-chomhaontú rogha den sórt sin, dá bhforáiltear i Rialachán ((AE) 2025/2643 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]). Feabhsaíonn sé seo éifeachtúlacht, seachnaítear dúbailt nósanna imeachta agus cuirtear comhar trasteorann agus barainneachtaí scála chun cinn.

([8]) Fógra ón gCoimisiún maidir le treoraíocht ar sholáthar comhoibríoch i réimsí na cosanta agus na slándála (an Treoir maidir le Soláthar Trealaimh Cosanta agus Slándála 2009/81/CE) (IO C 157, 8.5.2019, lch. 1).

([9]) Rialachán (AE) 2025/2643 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2025 lena mbunaítear an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach agus creat beart chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta a áirithiú ('Rialachán EDIP') (IO L, 2025/2643, 29.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2643/oj).

(23) Chun intuarthacht agus cobhsaíocht níos fearr a sholáthar do na Ballstáit ina bpleanáil soláthair cosanta, is gá na rialacha lena rialaítear creat-chomhaontuithe a mhodhnú. Chun sainiúlachtaí na hearnála cosanta a léiriú, is gá síneadh 10 mbliana a chur le huastréimhse fhéideartha na gcreat-chomhaontuithe, ina lamhálfar do na Ballstáit comhpháirtíochtaí níos fadtéarmaí a bhunú leis an tionscal agus a riachtanais soláthair cosanta a phleanáil le cinnteacht níos fearr, agus a áirithiú ag an am céanna go leanfaidh rialacha soláthair cosanta an Aontais de bheith solúbtha agus oiriúnaithe do riachtanais shonracha na hearnála cosanta.

(24) Ba cheart do Threoir 2009/81/CE cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a léiriú freisin agus ailíniú le forálacha Threoir 2014/24/AE maidir le conarthaí a mhodhnú. Go sonrach, ba cheart na rialacha maidir le modhnú an chreat-chomhaontaithe a chur i bhfeidhm ar an mbealach céanna i dTreoir 2009/81/CE agus atá i dTreoir 2014/24/AE.

(25) I gcás inar féidir, ba cheart d'údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha creat-chomhaontuithe, córais dhinimiciúla cheannaigh agus comhpháirtíochtaí nuálaíochta a struchtúrú ar shlí ina n-éascaítear rannpháirtíocht FBManna, lena n-áirítear trí luchtóga, critéir roghnúcháin chomhréireacha agus sonraíochtaí teicniúla neamh-idirdhealaitheacha a úsáid amhail rochtain soláthraithe teicneolaíochta dé-úsáide agus cuideachtaí a oibríonn san earnáil shibhialtach agus san earnáil cosanta araon, lena n-áirítear cuideachtaí nuálacha áitiúla agus oibreoirí ó Bhallstáit níos lú a bhfuil tionscail atá i mbéal forbartha acu.

(26) Chun an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit a laghdú, ba cheart roinnt oibleagáidí tuairiscithe staidrimh a bhaineann le soláthar cosanta a fhionraí go sealadach chun lamháil do na húdaráis náisiúnta díriú ar chur chun feidhme a mbeartas cosanta agus ar úsáid éifeachtúil a n-acmhainní, agus gan trédhearcacht agus cuntasacht a chur i mbaol.

(27) Sa mhéid go leasaítear Treoir 2009/81/CE leis an Treoir seo, is iad Airteagal 53(1), Airteagal 62 agus Airteagal 114 CFAE an bunús dlí iomchuí, a mhéid a bhaineann leis na leasuithe sin.

(28) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo a ghnóthú go leordhóthanach, eadhon simpliú na rialacha is infheidhme maidir le haistriú táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Aontas agus soláthar conarthaí oibreacha, soláthair agus seirbhíse i réimsí na cosanta agus na slándála chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, i bhfianaise chineál trasteorann na n-aistrithe agus an tsoláthair a bhaineann le cosaint, ach gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(29) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2009/43/CE agus Treoir 2009/81/CE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2009/43/CE

Leasaítear Treoir 2009/43/CE mar seo a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear na pointí seo a leanas leis:

'8. ciallaíonn "géarchéim" géarchéim mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (10), de Threoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*);

9. ciallaíonn “comhpháirtíocht thionsclaíoch struchtúrtha laistigh den Aontas” socrú cobhsaí marthanach um chomhar idir dhá eintiteas nó níos mó atá bunaithe sna Ballstáit éagsúla, i gcás ina mbeidh na heintitis sin ina gcuid de chomhghrúpa corparáideach, cuibhreannas, comhfhiontar, nó eintiteas struchtúrtha comhchosúil eile, agus ina mbeidh siad ag gabháil do dhearadh, forbairt, táirgeadh, cóimeáil, soláthar, margú comhpháirteach nó tacaíocht saolré chomhpháirteach do tháirge a bhaineann le cosaint.

(*) Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údaráis chonarthacha nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE (IO L 216, 20.8.2009, lch. 76, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/81/oj).’;

(2) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2, 3 agus 4:

‘2. D’ainneoin mhír 1, féadfaidh na Ballstáit aistrithe táirgí a bhaineann leis an gcosaint a dhíolmhú ón oibleagáid réamhúdarú a fháil atá leagtha amach sa mhír sin i gceann amháin nó níos mó de na cásanna seo a leanas:

(a) is comhlacht rialtais nó cuid de na fórsaí armtha an soláthróir nó an faighteoir;

(aa) is institiúid de chuid an Aontais, comhlacht de chuid an Aontais, nó an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint é an faighteoir;

(b) is é an tAontas, ECAT nó IAEA nó is eagraíocht idir-rialtasach eile a dhéanann na soláthairtí chun a dtascanna a fheidhmiú;

(ba) is gnóthais iad an faighteoir nó an soláthróir atá deimhnithe i gcomhréir le hAirteagal 9;

(c) is gá an t-aistriú a dhéanamh chun clár armála comhoibritheach idir na Ballstáit a chur chun feidhme, lena n-áirítear tionscadail faoi chuimsiú an Bhuanchomhair Struchtúrtha (PESCO), Struchtúir do Chláir Armála na hEorpa (SEAPanna) agus Tionscadail Eorpacha Leasa Choitinn um an gCosaint (EDPCInna);

(ca) is gá an t-aistriú chun tionscadal arna chistiú faoi chlár tionsclaíoch de chuid an Aontais sa réimse cosanta a chur chun feidhme;

(cb) déantar an t-aistriú faoi chuimsiú comhpháirtíocht struchtúrtha thionsclaíoch laistigh den Aontas;

(cc) déantar an t-aistriú i bpráinn a eascraíonn as géarchéim;

(cd) is é is aidhm don aistriú cabhair a chur ar fáil de bhun Airteagal 42(7) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE);

(d) tá an t-aistriú nasctha le cabhair dhaonnúil i gcás tubaiste nó mar dheonachán i gcás éigeandála;

(da) tá an t-aistriú nasctha le cúnamh míleata agus cosanta a eascraíonn as gníomhaíochtaí an Aontais de bhun Airteagal 28 CAE i gcás ina gcinnfidh an Chomhairle d’aon toil, de bhun Airteagal 41(2) CAE;

(e) is gá an t-aistriú le haghaidh nó tar éis deisiú, cothabhála, taispeána nó léiriú.

3. Tugtar do chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Treoir seo a fhorlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 13a, ar iarraidh a fháil ó Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, lena leasaítear mír 2 den Airteagal seo, chun aon cheann de na cásanna breise seo a leanas a chur san áireamh:

(a) ina ndéantar an t-aistriú faoi dhálaí nach ndéanann difear do bheartas poiblí ná do shlándáil phoiblí;

(b) ina mbeidh an oibleagáid réamhúdaraithe ar neamhréir le ceangaltais idirnáisiúnta na mBallstát tar éis an Treoir seo a ghlacadh;

(c) inar gá an t-aistriú le haghaidh comhar idir-rialtasach, dá dtagraítear in Airteagal 1(4).

(d) inar gá an t-aistriú le haghaidh comhar laistigh den Aontas.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh soláthróirí a dteastaíonn uathu táirgí a bhaineann le cosaint a aistriú óna gcríoch ceadúnais ghinearálta aistrithe a úsáid nó iarratas a dhéanamh ar cheadúnais dhomhanda aistrithe nó ar cheadúnais aonair aistrithe i gcomhréir le hAirteagail 5, 6 agus 7. Gan dochar d'Airteagal 8, ní fhorchuirfear aon réamhchoinníoll a mbeadh sé d'éifeacht aige cosc a chur ar sholáthróirí ceadúnais ghinearálta aistrithe a úsáid nó iarratas a dhéanamh ar cheadúnais aistrithe dhomhanda nó aonair, ar bhonn critéar nach bhfuil nasctha lena n-acmhainneacht a n-oibleagáidí a chomhlíonadh i réimsí an aistrithe agus an rialaithe onnmhairiúcháin.';

(3) leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'(ba) is gnóthais iad an faighteoir nó an soláthróir atá deimhnithe i gcomhréir le hAirteagal 9;';

(ii) cuirtear na pointí seo a leanas leis:

'(e) ceanglaítear an foilsiú a dhéanamh le hAirteagal 5a;

(f) ceanglaítear an foilsiú a dhéanamh le hAirteagal 5b.';

(iii) cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

'Beidh feidhm ag an gceadúnas ginearálta aistrithe dá dtagraítear i bpointe (ba) den chéad fhomhír ar a laghad maidir leis na táirgí a bhaineann le cosaint a chumhdaítear faoin gceadúnas ginearálta aistrithe dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír.';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'2a. Soláthróidh na Ballstáit ina reachtaíocht an deis chun ceadúnais ghinearálta aistrithe a thabhairt isteach seachas iad siúd a liostaítear in Airteagal 5(2).';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Na Ballstáit a ghlacann páirt i gclár comhair idir-rialtasaigh, amhail tionscadail PESCO, SEAPanna, agus EDPCInna maidir le forbairt, táirgeadh agus úsáid ceann amháin nó níos mó de tháirgí a bhaineann le cosaint, féadfaidh siad ceadúnas ginearálta aistrithe a fhoilsiú le haghaidh na aistrithe den sórt sin chun Ballstát eile a ghlacann páirt sa chlár sin de réir mar is gá chun an clár sin a fheidhmiú.';

(4) cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

'Airteagal 5a

Ceadúnais le haghaidh aistrithe is gá chun tionscadail arna gcistiú faoi chláir thionsclaíocha an Aontais sa réimse cosanta a chur chun feidhme

1. Foilseoidh na Ballstáit ceadúnais ghinearálta aistrithe lena gcumhdófar na haistrithe uile is gá chun tionscadail arna gcistiú faoi chlár tionsclaíoch de chuid an Aontais sa réimse cosanta a chur chun feidhme. Cumhdófar leis na ceadúnais sin na táirgí a bhaineann le cosaint a leagtar amach san Iarscríbhinn agus ní bheidh feidhm acu ach amháin maidir leis na haistrithe is gá chun tionscadail shonracha a chur chun feidhme.

2. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le feidhm a bheith ag an gcóras ceadúnúcháin dá dtagraítear i mír 1 freisin maidir leis na céimeanna níos déanaí de shaolré na dtionscadal a tharlaíonn tar éis na gcéimeanna arna gcistiú faoi chlár tionsclaíoch de chuid an Aontais sa réimse cosanta.

3. Ní éileoidh na Ballstáit aon ghealltanas breise, amhail deimhnithe a bhaineann le húsáid deiridh nó teorainneacha le honnmhairiú táirgí a bhaineann leis an gcosaint, i gcás ina mbeidh gealltanas i gcomhaontú cistiúcháin nó i gconradh a thugtar i gcrích faoi chlár tionsclaíoch de chuid an Aontais sa réimse cosanta nach ndéanfar na táirgí a bhaineann leis an gcosaint atá nasctha le cur chun feidhme tionscadail ar leith nó mar thoradh air a chomhroinnt gan údarú, thar na rannpháirtithe sa chomhaontú cistiúcháin nó na páirtithe sa chonradh i dtrácht, an t-údarás cistiúcháin nó conarthach, nó i gcás inarb ábhartha, an Coimisiún nuair nach é an t-údarás cistiúcháin nó conarthach agus an Chúirt Iniúchóirí dá dtagraítear i mír 4 é.

4. Féadfar a shainmhíniú sa chomhaontú nó sa chonradh cistiúcháin na socruithe faoinar féidir na táirgí a bhaineann le cosaint atá nasctha le cur chun feidhme tionscadail ar leith a aistriú chuig an gCúirt Iniúchóirí nuair a bheidh ceangal dlíthiúil ar na rannpháirtithe, ar na húdaráis chistiúcháin nó chonarthacha, nó i gcás inarb ábhartha, ar an gCoimisiún, nuair nach é an t-údarás cistiúcháin ná conarthach é, é sin a dhéanamh.

Airteagal 5b

Ceadúnais le haghaidh aistrithe a dhéantar faoi chuimsiú comhpháirtíocht struchtúrtha thionsclaíoch laistigh den Aontas

1. Foilseoidh na Ballstáit ceadúnais ghinearálta aistrithe i gcás aistrithe a dhéantar faoi chuimsiú comhpháirtíocht struchtúrtha thionsclaíoch laistigh den Aontas.

2. Beidh feidhm ag na ceadúnais dá dtagraítear i mír 1 freisin maidir le haistrithe doláimhsithe bogearraí agus teicneolaíochta.';

(5) in Airteagal 8, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'3a. Áiritheoidh na Ballstáit comhréireacht i gcur i bhfeidhm fhorálacha an Airteagail seo maidir le haistrithe doláimhsithe bogearraí agus teicneolaíochta, agus seachnóidh siad, go háirithe maidir le mír 3, pointí (b) agus (c), oibleagáidí tuairiscithe díréireacha i gcás na soláthróirí.';

(6) leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Ainmneoidh na Ballstáit údaráis inniúla chun deimhniú a dhéanamh ar ghnóthais atá bunaithe ar a gcríoch a fhaigheann nó a sholáthraíonn táirgí a bhaineann le cosaint faoi cheadúnais aistrithe arna bhfoilsiú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 5(2), pointí (b) agus (ba).';

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

'Bunófar leis an deimhniú iontaofacht an ghnóthais, go háirithe a mhéid a bhaineann lena chumas reachtaíocht an Aontais agus reachtaíocht náisiúnta chun aistriú agus rialú onnmhairiúcháin a chomhlíonadh, go háirithe i ndáil le bearta díchill chuí lena ndéantar measúnú ar rioscaí a bhaineann le honnmhairiú na dtáirgí agus le teorainneacha onnmhairiúcháin na dtáirgí a bhaineann le cosaint a fhaightear faoi cheadúnas aistrithe ó Bhallstát eile. Déanfar measúnú ar iontaofacht de réir na gcritéar seo a leanas:';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

'(a) taithí ar aistrithe cosanta agus ar ghníomhaíochtaí onnmhairiúcháin, agus cruthúnas ar an taithí sin, agus go háirithe cuntas teiste an ghnóthais rialuithe aistrithe agus onnmhairiúcháin is infheidhme a chomhlíonadh, lena n-áirítear aon chinneadh cúirte i leith an ábhair sin, aon údarú chun táirgí a bhaineann le cosaint a tháirgeadh nó a thráchtálú agus fostú foirne bainistíochta a bhfuil taithí aici á gcur san áireamh;

(b) gníomhaíocht thionsclaíoch ábhartha i dtáirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Aontas;';

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

'(f) tuairisc, arna comhshíniú ag an bhfeidhmeannach sinsearach dá dtagraítear i bpointe (c), ar an gclár inmheánach um chomhlíontacht nó ar an gcóras bainistíochta aistrithe agus onnmhairiúcháin a chuirtear chun feidhme sa ghnóthas. Soláthrófar mionsonraí sa tuairisc sin ar an méid seo a leanas:

(i) na hacmhainní eagraíochtúla, daonna agus teicniúla a leithdháiltear ar bhainistiú aistrithe agus onnmhairiúcháin;

(ii) an slabhra freagrachta laistigh den ghnóthas;

(iii) nósanna imeachta iniúchóireachta inmheánaí agus tuairiscithe agus bearta ceartaitheacha;

(iv) aird a tharraingt agus foireann a oiliúint;

(v) socruithe fisiciúla, teicniúla agus slándála na faisnéise;

(vi) taifid a choinneáil agus aistrithe agus onnmhairiúcháin a rianú; agus

(vii) próiseas agus nósanna imeachta scagtha idirbheart';

(c) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):

'(b) ainm agus seoladh an ghnóthais;

(c) ráiteas ar chomhréireacht an ghnóthais leis na critéir dá dtagraítear i mír 2; agus';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Déanfaidh na húdaráis inniúla faireachán ar chomhlíontacht an ghnóthais leis na critéir dá dtagraítear i mír 2 gach 3 bliana ar a laghad, agus le haon choinníoll a ghabhann leis na deimhnithe agus dá dtagraítear i mír 4. Tabharfaidh gnóthais fógra do na húdaráis inniúla gan mhoill faoi athruithe ar a n-eagraíocht inmheánach nó ar a ngníomhaíochtaí tionsclaíocha nó tráchtála i dtáirgí a bhaineann le cosaint. Sna cásanna sin, féadfaidh na húdaráis inniúla a mheasúnú an bhfuil na critéir dá dtagraítear i mír 2 fós á gcomhlíonadh ag gnóthas.';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

'8. Déanfaidh na Ballstáit liosta soláthróirí agus faighteoirí deimhnithe a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta agus an Coimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa agus na Ballstáit eile a chur ar an eolas faoi.

Cuirfidh an Coimisiún clár lárnach soláthróirí agus faighteoirí a bheidh deimhnithe ag na Ballstáit ar fáil go poiblí ar a shuíomh gréasáin.';

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 17:

'*Airteagal 17*

Athbhreithniú agus tuairisciú

Faoin 1 Eanáir 2031, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur chun feidhme na Treorach seo i gcomhthéacs ullmhacht cosanta na hEorpa a fheabhsú faoi 2030, mar a d'iarr Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Eorpach i Márta 2025 agus cuirfidh sé tuarascáil air sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Déanfar meastóireacht, go háirithe, i dtaobh ar baineadh amach cuspóirí na Treorach seo agus ar a mhéid a baineadh amach iad, maidir le, inter alia, feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus leis an aidhm ullmhacht cosanta na hEorpa a fheabhsú faoi 2030. Ina thuarascáil, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú, inter alia, ar chur i bhfeidhm Airteagail 5, 5a, 9 go 12 agus 15, agus déanfaidh sé meastóireacht ar conas a neartaigh an Treoir seo soláthar táirgí cosanta agus slándála Eorpacha, ag féachaint, inter alia, do rath an mhéadaithe fhoriomláin air agus do staid FBManna agus gnólachtaí meánchaipitlithe. I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil.'.

Airteagal 2

Leasuithe ar Threoir 2009/81/CE

Leasaítear Treoir 2009/81/CE mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 15 agus 16:

'15. ciallaíonn "iarrthóir" oibreoir eacnamaíoch a d'iarr cuireadh nó ar tugadh cuireadh dó chun páirt a ghlacadh i nós imeachta srianta nó idirbheartaithe, in idirphlé iomaíoch, nó i gcomhpháirtíocht nuálaíochta;

16. ciallaíonn "tairgeoir" oibreoir eacnamaíoch a bhfuil tairiscint curtha isteach aige;';

(b) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

'17a. ciallaíonn "gníomhaíochtaí láraithe ceannaigh" gníomhaíochtaí a dhéantar i gceann de na foirmeacha seo a leanas:

(a) fáil soláthairtí agus/nó seirbhísí atá beartaithe d'údaráis chonarthacha/d'eintitis chonarthacha;

(b) conarthaí a dhámhachtain nó creat-chomhaontuithe a thabhairt i gcrích le haghaidh oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí atá beartaithe d'údaráis/eintitis chonarthacha;

17b. ciallaíonn "gníomhaíochtaí ceannaigh coimhdeacha" gníomhaíochtaí arb é atá iontu tacaíocht a sholáthar do ghníomhaíochtaí ceannaigh, go háirithe sna foirmeacha seo a leanas:

(a) bonneagar teicniúil lena gcumasaítear d'údaráis/eintitis chonarthacha conarthaí a dhámhachtain nó creat-chomhaontuithe a thabhairt i gcrích le haghaidh oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí;

(b) comhairle maidir le seoladh nó dearadh nósanna imeachta soláthair phoiblí;

(c) nósanna imeachta soláthair a ullmhú agus a bhainistiú thar ceann agus ar chuntas an údaráis/an eintitis chonarthaigh lena mbaineann;';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 18:

'18. ciallaíonn "comhlacht lárnach ceannaigh" údarás/eintiteas conarthach nó comhlacht poiblí Eorpach a chuireann gníomhaíochtaí láraithe ceannaigh agus, b'fhéidir, gníomhaíochtaí coimhdeacha ceannaigh ar fáil;';

(d) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'18a. ciallaíonn "nós imeachta oscailte" nós imeachta inar féidir le haon oibreoir eacnamaíoch leasmhar tairiscint a chur isteach mar fhreagra ar ghlao ar chomórtas;';

(e) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'21a. ciallaíonn "córas dinimiciúil ceannaigh" próiseas atá iomlán leictreonach chun ceannacháin a úsáidtear go coitianta a dhéanamh, a gcomhlíonann a shaintréithe, mar atá siad ar fáil go ginearálta ar an margadh, ceanglais an údaráis/an eintitis chonarthaigh;';

(f) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'29. ciallaíonn "cothabháil" na gníomhaíochtaí uile a dhéantar chun ullmhacht agus cumas oibríochtúil trealamh míleata nó íogair a áirithiú, go háirithe chun trealamh a choinneáil ann nó é a athbhunú i ndálaí sonraithe go dtí deireadh a úsáide, lena n-áirítear ullmhacht, fad saoil agus uasghráduithe misin, saincheapadh agus speisialtóireacht, cigireacht, ollchóiriú, tástáil, seirbhísiú, modhnuithe, aicmiú maidir le hinseirbhíseacht, deisiú, aisghabháil, atógáil, tarrthálas agus canablú.';

(2) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) i bpointe (a), cuirtear 'EUR 2 000 000' in ionad 'EUR 432 000';

(b) i bpointe (b), cuirtear 'EUR 10 000 000' in ionad 'EUR 5 404 000';

(3) leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Modhanna chun luach measta an tsoláthair a ríomh';

(b) leasaítear mír 5 mar a leanas:

(i) i bpointe (a), cuirtear 'EUR 360 000' in ionad 'EUR 80 000' agus cuirtear 'EUR 1 800 000' in ionad 'EUR 1 000 000';

(ii) i bpointe (a), cuirtear 'EUR 360 000' in ionad 'EUR 80 000';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

'9. Maidir le creat-chomhaontuithe agus córais dhinimiciúla cheannaigh, is é an luach measta a bheidh le cur san áireamh uasluach measta, glan ó CBL, na gconarthaí uile atá beartaithe do théarma iomlán an chreat-chomhaontaithe nó an chórais dhinimiciúil ceannaigh.';

(d) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘10. I gcás comhpháirtíochtaí nuálaíochta, is é an luach a bheidh le cur san áireamh uasluach measta, glan ó CBL, na ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha a dhéanfar ag gach céim den chomhpháirtíocht bheartaithe chomh maith leis na soláthairtí, na seirbhísí nó na hoibreacha a bheith le forbairt agus le soláthar ag deireadh na comhpháirtíochta beartaithe.’;

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

‘*Airteagal 10*

Conarthaí agus creat-chomhaontuithe arna ndámhachtain ag comhlachtaí lárnacha ceannaigh

1. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go bhféadfaidh údaráis/eintitis chonarthacha oibreacha, soláthairtí agus/nó seirbhísí a fháil ó chomhlacht lárnach ceannaigh nó trí chomhlacht lárnach ceannaigh.

Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh freisin go bhféadfaidh údaráis/eintitis chonarthacha oibreacha, soláthairtí agus seirbhísí a fháil trí chonarthaí a úsáid a dhámhann comhlacht lárnach ceannaigh, trí chórais dhinimiciúla ceannaigh a úsáid a oibríonn comhlacht lárnach ceannaigh nó, a mhéid a leagtar amach in Airteagal 29(2), an dara fomhír, trí chreat-chomhaontú a úsáid a thugann comhlacht lárnach ceannaigh i gcrích a thairgeann an ghníomhaíocht láraithe ceannaigh. I gcás ina bhféadfaidh údaráis/eintitis chonarthacha eile córas dinimiciúil ceannaigh atá á oibriú ag comhlacht lárnach ceannaigh a úsáid, luafar é sin sa ghlao chun iomaíochta lena mbunaítear an córas dinimiciúil ceannaigh sin.

I ndáil leis an gcéad fhomhír agus an dara fomhír, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go ndéanfar soláthairtí áirithe trí dhul ar iontaoibh comhlachtaí lárnacha ceannaigh nó comhlacht lárnach ceannaigh sonrach amháin nó níos mó.

2. Measfar go mbeidh údaráis/eintitis chonarthacha a fhaigheann oibreacha, soláthairtí agus/nó seirbhísí ó chomhlacht lárnach ceannaigh nó tríd, tar éis an Treoir seo a chomhlíonadh sa mhéid seo a leanas:

(a) gur chomhlíon an comhlacht lárnach ceannaigh é, nó,

(b) nuair nach údarás/eintiteas conarthach é an comhlacht lárnach ceannaigh, go gcomhlíonann na rialacha dámhachtana conartha a chuireann sé i bhfeidhm an Treoir seo agus is féidir na conarthaí a dámhadh a bheith faoi réir leigheasanna éifeachtúla atá inchomparáide leis na leigheasanna dá bhforáiltear i dTeideal IV.

Thairis sin, measfar go bhfuil a oibleagáidí de bhun na Treorach seo comhlíonta ag údarás/eintiteas conarthach freisin i gcás ina bhfaighidh sé oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí trí úsáid a bhaint as conarthaí a dhámhann an comhlacht lárnach ceannaigh, trí úsáid a bhaint as córais dhinimiciúla ceannaigh a oibríonn an comhlacht lárnach ceannaigh nó, a mhéid a leagtar amach in Airteagal 29(2), an dara fomhír, trí úsáid a bhaint as creat-chomhaontú a thugann an comhlacht lárnach ceannaigh i gcrích.

Mar sin féin, beidh an t-údarás/an t-eintiteas conarthach lena mbaineann freagrach as na hoibleagáidí a chomhlíonadh de bhun na Treorach seo i leith na codanna a dhéanann sé féin, go háirithe:

(a) conradh a dhámhachtain faoi chóras dinimiciúil ceannaigh, a oibríonn comhlacht lárnach ceannaigh;

(b) athoscailt iomaíochta a dhéanamh faoi chreat-chomhaontú a bheidh tugtha i gcrích ag comhlacht lárnach ceannaigh;

(c) de bhun Airteagal 29(4), lena gcinntear cé acu de na hoibreoirí eacnamaíocha, is páirtithe sa chreat-chomhaontú, a dhéanfaidh cúram ar leith faoi chreat-chomhaontú a bheidh tugtha i gcrích ag comhlacht lárnach ceannaigh.

3. Féadfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha, gan na nósanna imeachta dá bhforáiltear sa Treoir seo a chur i bhfeidhm, conradh seirbhíse a dhámhachtain do chomhlacht lárnach ceannaigh chun gníomhaíochtaí láraithe ceannaigh a sholáthar.

Féadfar soláthar gníomhaíochtaí coimhdeacha ceannaigh a áireamh sna conarthaí seirbhíse sin freisin.';

(5) cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

'*Airteagal 10a*

Soláthar lena mbaineann údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha ó Bhallstáit éagsúla

1. Féadfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha ó Bhallstáit éagsúla gníomhú go comhpháirteach chun conarthaí a dhámhachtain i gcomhréir leis an Airteagal seo.

Ní úsáidfidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha forálacha an Airteagail seo chun go seachnófar cur i bhfeidhm fhorálacha sainordaitheacha an dlí phoiblí i gcomhréir le dlí an Aontais a bhfuil siad faoina réir ina mBallstát.

2. Ní chuirfidh Ballstát toirmeasc ar a údaráis chonarthacha/a eintitis chonarthacha úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí láraithe ceannaigh arna dtairiscint ag comhlachtaí lárnacha ceannaigh atá lonnaithe i mBallstát eile ná gníomhaíochtaí láraithe ceannaigh a thairiscint d'údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha atá lonnaithe i mBallstát eile.

Maidir le gníomhaíochtaí láraithe ceannaigh a thairgeann comhlacht lárnach ceannaigh atá lonnaithe i mBallstát eile seachas an Ballstát ina bhfuil an t-údarás conarthach/an t-eintiteas conarthach lonnaithe, féadfaidh na Ballstáit a shonrú nach bhféadfaidh a n-údaráis chonarthacha/a n-eintitis chonarthacha ach na gníomhaíochtaí láraithe ceannaigh a úsáid mar a shainmhínítear i bpointe (a) nó (b) d'Airteagal 1, pointe (17a).

3. Déanfaidh comhlacht lárnach ceannaigh atá lonnaithe i mBallstát eile gníomhaíochtaí láraithe ceannaigh a sholáthar i gcomhréir le forálacha náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil an comhlacht lárnach ceannaigh lonnaithe. Níl feidhm aige sin maidir le comhlachtaí poiblí Eorpacha.

Beidh feidhm freisin ag forálacha náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil an comhlacht lárnach ceannaigh lonnaithe maidir leis an méid seo a leanas:

(a) conradh a dhámhachtain faoi chóras dinimiciúil ceannaigh;

(b) athoscailt na hiomaíochta faoi chreat-chomhaontú a chur i gcrích; agus

(c) cinneadh i dtaobh cé acu de na hoibreoirí eacnamaíocha is páirtí sa chreat-chomhaontú a dhéanfaidh cúram ar leith i gcásanna ina bhfuil creat-chomhaontú le roinnt oibreoirí eacnamaíocha i gceist gan an iomaíocht a athoscailt.

4. Féadfaidh roinnt údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha ó Bhallstáit éagsúla conradh a dhámhachtain, creat-chomhaontú a thabhairt i gcrích nó córas dinimiciúil ceannaigh a oibriú go comhpháirteach. Féadfaidh siad freisin, a mhéid a leagtar amach in Airteagal 29(2), an dara fomhír, conarthaí a dhámhachtain bunaithe ar an gcreat-chomhaontú nó ar an gcóras dinimiciúil ceannaigh.

Mura ndearnadh na heilimintí riachtanacha a rialáil le comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích idir na Ballstáit lena mbaineann, déanfaidh na húdaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha rannpháirteacha comhaontú a thabhairt i gcrích lena gcinnfear an méid seo a leanas:

(a) freagrachtaí na bpáirtithe agus na forálacha náisiúnta ábhartha is infheidhme;

(b) eagrú inmheánach an nós imeachta soláthair, lena n-áirítear bainistiú an nós imeachta, dáileadh na n-oibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí atá le soláthar, agus conarthaí a thabhairt i gcrích.

Measfar go bhfuil a oibleagáidí de bhun na Treorach seo comhlíonta ag údarás conarthach/eintiteas conarthach rannpháirteach nuair a gheobhaidh sé oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí ó údarás conarthach/eintiteas conarthach atá freagrach as an nós imeachta soláthair. Agus freagrachtaí agus an dlí náisiúnta is infheidhme dá dtagraítear sa dara fomhír, pointe (a), á gcinneadh, féadfaidh na húdaráis chonarthacha/na heintitis chonarthacha rannpháirteacha, freagrachtaí sonracha a leithdháileadh orthu agus na forálacha den dlí náisiúnta is infheidhme in aon cheann dá mBallstáit faoi seach a chinneadh. Déanfar tagairt do leithdháileadh na bhfreagrachtaí agus don dlí náisiúnta is infheidhme sna doiciméid soláthair le haghaidh conarthaí a dhámhtar go comhpháirteach.

5. I gcás ina bhfuil eintiteas comhpháirteach a bhunaítear faoi dhlí an Aontais curtha ar bun ag roinnt údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha ó Bhallstáit éagsúla, tiocfaidh na húdaráis chonarthacha/na heintitis chonarthacha rannpháirteacha, trí chinneadh ó chomhlacht inniúil an eintitis chomhpháirtigh, ar chomhaontú maidir leis na rialacha náisiúnta soláthair is infheidhme i gceann de na Ballstáit seo a leanas:

(a) forálacha náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil a oifig chláraithe ag an eintiteas comhpháirteach;

(b) forálacha náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil an t-eintiteas comhpháirteach i mbun a ghníomhaíochtaí.

Féadfaidh feidhm a bheith ag an gcomhaontú dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar feadh tréimhse neamhchinntithe, nuair a shocrófar é i ngníomh bunaidh an eintitis chomhpháirtigh, nó féadfaidh sé a bheith teoranta do thréimhse áirithe ama, do chineálacha áirithe conarthaí nó do dhámhachtain conartha aonair amháin nó níos mó.

Airteagal 10b

Soláthar comhpháirteach ócáideach

1. Féadfaidh dhá údarás chonarthacha/eintiteas chonarthacha nó níos mó a bheith comhaontaithe i dtaobh soláthairtí sonracha áirithe a dhéanamh go comhpháirteach.

2. I gcás ina ndéantar nós imeachta soláthair ina iomláine a sheoladh go comhpháirteach in ainm agus thar ceann na n-údarás conarthach/na n-eintiteas conarthach uile lena mbaineann, beidh siad freagrach go comhpháirteach as a n-oibleagáidí de bhun na Treorach seo a chomhlíonadh. Tá feidhm aige sin freisin i gcásanna ina mbainistíonn údarás conarthach/eintiteas conarthach amháin an nós imeachta, ag gníomhú dó thar a cheann féin agus thar ceann na n-údarás conarthach/na n-eintiteas conarthach eile lena mbaineann.

I gcás nach ndéantar nós imeachta soláthair ina iomláine a sheoladh in ainm agus thar ceann na n-údarás conarthach/na n-eintiteas conarthach lena mbaineann, ní bheidh siad freagrach go comhpháirteach ach amháin as na codanna sin a dhéantar go comhpháirteach. Beidh sé de fhreagracht aonair ar gach údarás conarthach/eintiteas conarthach a n-oibleagáidí de bhun na Treorach seo a chomhlíonadh i leith na gcodanna a dhéanann siad ina n-ainm féin agus thar a gceann féin.';

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c) agus phointe (d) in Airteagal 13:

'(c) conarthaí a dhámhtar faoi chuimsiú cláir chomhair atá bunaithe ar thaighde agus ar fhorbairt, arna ndéanamh i gcomhpháirt ag dhá Bhallstát ar a laghad chun táirge nua a fhorbairt nó uasghrádú a dhéanamh as a dtiocfaidh athruithe substaintiúla nó feabhsuithe substaintiúla ar tháirge atá ann cheana agus, i gcás inarb infheidhme, na céimeanna níos déanaí de shaolré iomlán an táirge sin nó cuid di.

I gcás ina dtiocfaidh Ballstát chun bheith ina chomhalta iomlán de chlár comhoibritheach i ndiaidh chéim taighde agus forbartha an chláir sin a thabhairt chun críche, i gcás na gcéimeanna níos déanaí de shaolré an táirge, beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir leis an mBallstát atá i mbun comhaltas a bhaint amach. Is éard atá i dtionscadal taighde agus forbartha arna bhainistiú ag institiúidí nó comhlachtaí an Aontais, a chuirtear chun feidhme i gcomhréir le rialacha an Aontais agus a chistítear ó bhuiséad an Aontais, clár comhoibritheach a chuirtear i gcrích go comhpháirteach ag dhá Bhallstát ar a laghad agus ar féidir leanúint leis le haghaidh na gcéimeanna a thagann i ndiaidh na céime taighde agus forbartha, agus sa chás sin féadfar conarthaí a dhámhtar faoi chuimsiú an chláir leantaigh a eisiamh freisin faoin Airteagal seo;

(d) conarthaí a dhámhtar i dtríú tír, lena n-áirítear conarthaí le haghaidh ceannacháin shibhialta, a dhéantar nuair a imscarfar fórsaí nó nuair a bheidh siad faoi oiliúint lasmuigh de chríoch an Aontais, i gcás ina n-éilítear iad a thabhairt i gcrích le hoibreoirí eacnamaíocha atá lonnaithe i limistéar na n-oibríochtaí de bharr riachtanais oibríochtúla;';

(7) in Airteagal 25, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara agus an tríú mír:

'Féadfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha rogha a dhéanamh conarthaí a dhámhachtain tríd an nós imeachta oscailte, an nós imeachta srianta nó an nós imeachta idirbheartaithe ina bhfoilsítear fógra conartha a chur i bhfeidhm.

Faoi na himthosca dá dtagraítear in Airteagal 27 nó 27a, féadfaidh siad conarthaí a dhámhachtain trí bhíthin idirphlé iomaíoch nó comhpháirtíocht nuálaíochta.';

(8) in Airteagal 27, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. I gcás conarthaí atá thar a bheith casta, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh, i gcás ina measann údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha nach gceadófar dámhachtain an chonartha le húsáid an nós imeachta oscailte, an nós imeachta srianta nó an nós imeachta idirbheartaithe ina bhfoilsítear fógra conartha, féadfaidh na húdaráis chonarthacha/na heintitis chonarthacha sin úsáid a bhaint as an idirphlé iomaíoch i gcomhréir leis an Airteagal seo.

Dámhfar conradh ar bhonn an chritéir dámhachtana don tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch agus ar an mbonn sin amháin.';

(9) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 27a*

Comhpháirtíocht nuálaíochta

1. Féadfaidh aon oibreoir eacnamaíoch iarraidh a chur isteach chun bheith rannpháirteach i gcomhpháirtíocht nuálaíochta tar éis fógra conartha a fháil, tríd an bhfaisnéis le haghaidh roghnú cáilíochtúil a iarrann an t-údarás conarthach/an t-eintiteas conarthach a sholáthar.

Sna doiciméid soláthair, sainaithneoidh an t-údarás conarthach/an t-eintiteas conarthach an gá atá le táirge nuálach, seirbhís nuálach nó oibreacha nuálacha nach féidir a chomhlíonadh trí tháirgí, seirbhísí nó oibreacha atá ar fáil ar an margadh cheana féin a cheannach. Cuirfear in iúl iontu cé na gnéithe den tuairisc seo a léiríonn na híoscheanglais atá le comhlíonadh ag gach tairiscint. Beidh an fhaisnéis a sholáthrófar cruinn a dóthain chun a chur ar a gcumas d'oibreoirí eacnamaíocha cineál agus raon feidhme an réitigh is gá a shainaithint agus cinneadh a dhéanamh i dtaobh an iarrfaidh siad a bheith rannpháirteach sa nós imeachta.

Féadfaidh an t-údarás/an t-eintiteas conarthach a chinneadh an chomhpháirtíocht nuálaíochta a chur ar bun le comhpháirtí amháin nó le roinnt comhpháirtithe atá i mbun gníomhaíochtaí taighde agus forbartha ar leithligh.

Is é 30 lá ón dáta a sheolfar an fógra conartha an íosteorainn ama chun iarrataí ar rannpháirtíocht a fháil. Déanfaidh an t-údarás conarthach/an t-eintiteas conarthach measúnú ar an bhfaisnéis arna soláthar ag na hoibreoirí eacnamaíocha agus iarrfaidh sé ar na hiarrthóirí oiriúnacha a bheith rannpháirteach sa nós imeachta. Féadfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha teorainn a chur le líon na n-iarrthóirí oiriúnacha a dtabharfar cuireadh dóibh a bheith rannpháirteach sa nós imeachta. Dámhfar na conarthaí ar bhonn chritéar dámhachtana an chóimheasa is fearr idir praghas agus caighdeán, agus ar an mbonn sin amháin, i gcomhréir le hAirteagal 47.

2. Díreoidh an chomhpháirtíocht nuálaíochta ar tháirge nuálach nó seirbhís nuálach nó oibreacha nuálacha a fhorbairt agus ar na soláthairtí, na seirbhísí nó na hoibreacha dá dheasca sin a cheannach ina dhiaidh sin, ar choinníoll go bhfuil siad ag teacht leis na leibhéil feidhmíochta agus na costais uasta ar tháinig na húdaráis chonarthacha/na heintitis chonarthacha agus na rannpháirtithe ar chomhaontú fúthu.

Déanfar an chomhpháirtíocht nuálaíochta a struchtúrú i gcéimeanna leanúnacha lena leantar seicheamh na gcéimeanna sa phróiseas taighde agus nuálaíochta, ar a bhféadfar a áireamh monarú na dtáirgí, soláthar na seirbhísí nó cur i gcrích na n-oibreacha. Socróidh an chomhpháirtíocht nuálaíochta spriocanna idirmheánacha atá le baint amach ag na comhpháirtithe agus déanfaidh sí foráil maidir le híocaíocht an luacha saothair i dtráthchodanna iomchuí.

Bunaithe ar na spriocanna sin, féadfaidh an t-údarás conarthach/an t-eintiteas conarthach a chinneadh i ndiaidh gach céime an chomhpháirtíocht nuálaíochta a fhoirceannadh nó, i gcás comhpháirtíocht nuálaíochta le roinnt comhpháirtithe, líon na gcomhpháirtithe a laghdú trí chonarthaí aonair a fhoirceannadh, ar an gcoinníoll gur léirigh an t-údarás conarthach/an t-eintiteas conarthach sna doiciméid soláthair na féidearthachtaí sin agus na coinníollacha maidir lena n-úsáid.

3. Mura bhforáiltear a mhalairt san Airteagal seo, rachaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha i mbun caibidlíochta le tairgeoirí maidir leis na tairiscintí tosaigh agus na tairiscintí uile ina dhiaidh sin a chuirfidh siad isteach, cé is moite den tairiscint deiridh, chun feabhas a chur ar a bhfuil inti.

Ní bheidh na híoscheanglais agus na critéir dhámhachtana faoi réir idirbheartaíochta.

4. Le linn idirbheartaíochta, áiritheoidh na húdaráis chonarthacha/na heintitis chonarthacha cóir chomhionann agus iomaíocht chóir idir na tairgeoirí go léir. Chuige sin, ní sholáthróidh siad faisnéis ar bhealach idirdhealaitheach a d'fhéadfadh buntáiste a thabhairt do thairgeoirí áirithe thar thairgeoirí eile. Cuirfidh siad in iúl i scríbhinn do na tairgeoirí go léir nár cuireadh a dtairiscintí as an áireamh, de bhun mhír 5, faoi aon athrú ar na sonraíochtaí teicniúla nó ar dhoiciméid soláthair eile. I ndiaidh na n-athruithe sin, tabharfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha dóthain ama do thairgeoirí chun tairiscintí leasaithe a mhodhnú agus a chur isteach an athuair, de réir mar is iomchuí.

I gcomhréir le hAirteagal 6, ní nochtfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha do na rannpháirtithe eile faisnéis rúnda arna cur in iúl ag iarrthóir nó tairgeoir atá rannpháirteach san idirbheartaíocht gan a chomhaontú. Ní bheidh an comhaontú sin i bhfoirm tarscaoileadh ginearálta ach tabharfar é agus tagairt á déanamh do chur in iúl beartaithe na faisnéise sonraí.

5. Féadfar idirbheartaíocht le linn nósanna imeachta comhpháirtíochta nuálaíochta a dhéanamh i gcéimeanna comhleanúnacha chun líon na dtairiscintí a bheidh le caibidliú a laghdú trí na critéir dhámhachtana a shonraítear san fhógra conartha, sa chuireadh chun spéis a dhearbhú nó sna doiciméid soláthair a chur i bhfeidhm. San fhógra conartha, sa chuireadh chun spéis a dhearbhú nó sna doiciméid soláthair, cuirfidh an t-údarás conarthach/an t-eintiteas conarthach in iúl an úsáidfidh nó nach n-úsáidfidh sé an rogha sin. Sula dtiocfaidh deireadh le céim leanúnach, féadfaidh an t-údarás conarthach/an t-eintiteas conarthach sonrú a thabhairt ar na critéir dhámhachtana agus na costais uasta a bheidh le húsáid chun na tairiscintí atá rannpháirteach sa chéim ina dhiaidh sin a roghnú. Beidh na critéir dhámhachtana sin agus na costais uasta sin comhréireach leis na torthaí a bhfuil coinne leo ón gcéim leanúnach agus le cuspóirí na comhpháirtíochta nuálaíochta. I gcás ina dtiocfaidh tairgeoir a cuireadh as an áireamh i gcéim roimhe sin chun bheith incháilithe le haghaidh na chéad chéime eile mar thoradh ar na critéir dhámhachtana agus ar na costais uasta sin, iarrfar ar an tairgeoir sin a bheith rannpháirteach sa chéad chéim eile.

6. Agus iarrthóirí á roghnú acu, déanfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha critéir a chur i bhfeidhm go háirithe maidir le hinniúlacht na n-iarrthóirí i réimse an taighde agus na forbartha agus réitigh nuálacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Ní fhéadfaidh ach na hoibreoirí eacnamaíocha sin ar thug an t-údarás conarthach/an t-eintiteas conarthach cuireadh dóibh, i ndiaidh dó measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a iarradh, tionscadail taighde agus nuálaíochta a chur isteach arb é is aidhm dóibh freastal ar na riachtanais arna sainaithint ag an údarás conarthach/eintiteas conarthach nach féidir freastal orthu le réitigh atá ann cheana.

Sna doiciméid soláthair, sonróidh an t-údarás/an t-eintiteas conarthach na socruithe is infheidhme i leith cearta maoine intleachtúla. I gcás comhpháirtíocht nuálaíochta le roinnt comhpháirtithe, ní nochtfaidh an t-údarás conarthach/an t-eintiteas conarthach, i gcomhréir le hAirteagal 6, do na comhpháirtithe eile réitigh a mholtar ná faisnéis rúnda eile a chuireann comhpháirtí in iúl faoi chuimsiú na comhpháirtíochta gan comhaontú an chomhpháirtí sin. Ní bheidh an comhaontú sin i bhfoirm tarscaoileadh ginearálta ach tabharfar é agus tagairt á déanamh do chur in iúl beartaithe na faisnéise sonraí.

7. Áiritheoidh an t-údarás/an t-eintiteas conarthach go bhfuil struchtúr na comhpháirtíochta agus, go háirithe, fad tréimhse agus luach na gcéimeanna éagsúla ag teacht le leibhéal nuálaíochta an réitigh atá molta agus seicheamh na ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a éilítear chun réiteach nuálach nach bhfuil ar fáil ar an margadh fós a fhorbairt. Ní bheidh luach measta soláthairtí, seirbhísí ná oibreacha díréireach i ndáil leis an infheistíocht is gá chun iad a fhorbairt.';

(10) leasaítear Airteagal 28 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

'(1) i gcás conarthaí oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse:

(a) i gcás nár cuireadh aon tairiscint ná aon tairiscint oiriúnach isteach nó nár cuireadh aon iarratas isteach mar fhreagairt ar nós imeachta oscailte, ar nós imeachta srianta, ar nós imeachta idirbheartaithe ina bhfoilsítear fógra conartha roimh ré, ar idirphlé iomaíoch nó ar chomhpháirtíocht nuálaíochta, ar choinníoll nach ndéanfar athrú substaintiúil ar choinníollacha tosaigh an chonartha agus ar choinníoll go gcuirfear tuairisc chuig an gCoimisiún, má iarrann sé amhlaidh;

(b) i gcás tairiscintí neamhrialta nó tairiscintí a chur isteach nach bhfuil inghlactha faoi fhorálacha náisiúnta atá comhoiriúnach le hAirteagail 5, 19, 21 go 24 agus Caibidil VII de Theideal II, mar fhreagairt ar nós imeachta oscailte, ar nós imeachta srianta, ar nós imeachta idirbheartaithe lena ngabhann foilsiú, ar idirphlé iomaíoch nó ar chomhpháirtíocht nuálaíochta, sa mhéid:

(i) nach ndéanfar athrú substaintiúil ar théarmaí bunaidh an chonartha, agus

(ii) go n-áirítear leo sa nós imeachta idirbheartaithe na tairgeoirí uile a chomhlíonann critéir Airteagail 39 go 46, agus na tairgeoirí sin amháin, agus a raibh, le linn an nós imeachta oscailte, an nós imeachta srianta, an idirphlé iomaíoch nó na comhpháirtíochta nuálaíochta roimh ré, tairiscintí curtha isteach acu i gcomhréir le ceanglais fhoirmiúla an nós imeachta tairisceana;

(c) nuair a bheidh na teorainneacha ama a leagtar síos le haghaidh an nós imeachta oscailte, an nós imeachta srianta agus an nós imeachta idirbheartaithe ina bhfoilsítear fógra conartha, lena n-áirítear na teorainneacha ama giorraithe dá dtagraítear in Airteagal 33(7), ar neamhréir leis an bpráinn a eascraíonn as géarchéim. Féadfaidh feidhm a bheith aige sin, mar shampla, sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 23, an dara mír, pointe (d);

(d) a mhéid atá fíorghá leis, i gcás, ar chúiseanna fíorphráinne a eascraíonn as teagmhais nach féidir leis na húdaráis chonarthacha/na heintitis chonarthacha i dtrácht a thuar, nach féidir cloí leis na teorainneacha ama le haghaidh an nós imeachta oscailte, an nós imeachta srianta ná an nós imeachta idirbheartaithe ina bhfoilsítear fógra conartha, lena n-áirítear na teorainneacha ama giorraithe dá dtagraítear in Airteagal 33(7). In aon chás, níor cheart na himthosca a agraítear chun údar cuí a thabhairt le fíorphráinn a bheith inchurtha i leith an údaráis chonarthaigh/an eintitis chonarthaigh;

(e) i gcás, ar chúiseanna teicniúla nó ar chúiseanna a bhaineann le cearta eisiacha a chosaint, nach bhféadfar an conradh a dhámhachtain ach ar oibreoir eacnamaíoch ar leith;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4(b):

'(b) i gcás oibreacha nó seirbhísí nua ina bhfuil athdhéanamh oibreacha nó seirbhísí comhchosúla curtha ar iontaoibh an oibreora eacnamaíoch ar ar dhámh na húdaráis chonarthacha/na heintitis chonarthacha chéanna conradh bunaidh, ar choinníoll go bhfuil na hoibreacha nó na seirbhísí sin i gcomhréir le buntionscadal ar dámhadh an conradh bunaidh ina leith i gcomhréir leis an nós imeachta oscailte, an nós imeachta srianta, an nós imeachta idirbheartaithe ina bhfoilsítear fógra conartha, le hidirphlé iomaíoch, nó le comhpháirtíocht nuálaíochta.

A thúisce a dhéanfar an chéad tionscadal a chur amach ar tairiscint, nochtfar úsáid fhéideartha an nós imeachta sin, agus déanfaidh na húdaráis chonarthacha/na heintitis chonarthacha costas measta iomlán na n-oibreacha nó na seirbhísí ina dhiaidh sin a chur san áireamh agus Airteagal 8 á chur i bhfeidhm acu.

Ní fhéadfar an nós imeachta sin a úsáid ach amháin le linn na 7 mbliana tar éis an conradh bunaidh a thabhairt i gcrích, ach amháin in imthosca eisceachtúla a chinntear trí shaolré ionchasach aon ítimí, suiteálacha nó córas arna seachadadh, agus na deacrachtaí teicniúla a d'fhéadfaí a chruthú le hathrú soláthróra a chur san áireamh;';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (5):

'(5) i gcás conarthaí a bhaineann le soláthar seirbhísí aeriompair agus muiriompair d'fhórsaí armtha nó d'fhórsaí slándála Ballstáit atá imscartha nó atá le himscaradh thar lear, nuair nach mór don údarás conarthach/eintiteas conarthach na seirbhísí sin a sholáthar ó oibreoirí eacnamaíocha lena ráthaítear bailíocht a dtairiscintí ar feadh tréimhsí chomh gearr sin nach féidir na teorainneacha ama le haghaidh an nós imeachta oscailte, an nós imeachta srianta ná an nós imeachta idirbheartaithe ina bhfoilsítear fógra conartha, lena n-áirítear na teorainneacha ama giorraithe dá dtagraítear in Airteagal 33(7), a chomhlíonadh.';

(11) in Airteagal 29(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:

'Ní fhéadfaidh téarma creat-chomhaontaithe a bheith níos faide ná 10 mbliana, ach amháin in imthosca eisceachtúla a chinntear trí shaolré ionchasach aon ítimí, suiteálacha nó córas arna seachadadh, agus na deacrachtaí teicniúla a d'fhéadfaí a chruthú le hathrú soláthróra a chur san áireamh;';

(12) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach i dTeideal II, Caibidil V:

'*Airteagal 29a*

Córas dinimiciúil ceannaigh

1. I gcás ceannacháin a úsáidtear go coitianta, a gcomhlíonann a saintréithe, mar atá ar fáil go ginearálta ar an margadh, ceanglais na n-údarás conarthach/na n-eintiteas conarthach, féadfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha córas dinimiciúil ceannaigh a úsáid. Feidhmeofar an córas dinimiciúil ceannaigh mar phróiseas iomlán leictreonach agus beidh sé ar oscailt le linn thréimhse bhailíochta an chórais ceannaigh d'aon oibreoir eacnamaíoch a chomhlíonann na critéir roghnúcháin. Féadfar é a roinnt ina chatagóirí táirgí, oibreacha nó seirbhísí a shainítear go hoibiachtúil ar bhonn shaintréithe an tsoláthair atá le glacadh ar láimh sa chatagóir lena mbaineann. Féadfar a áireamh ar na saintréithe sin, tagairt d'uasmhéid incheadaithe na gconarthaí sonracha ina dhiaidh sin nó do limistéar geografach sonrach ina gcomhlíonfar conarthaí sonracha ina dhiaidh sin.

2. Chun soláthar a dhéanamh faoi chóras dinimiciúil ceannaigh, leanfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha rialacha an nós imeachta shrianta. Ligfear isteach sa chóras gach iarrthóir a chomhlíonann na critéir roghnúcháin, agus ní chuirfear teorainn le líon na n-iarrthóirí a ligfear isteach sa chóras i gcomhréir le hAirteagal 38(3). I gcás ina bhfuil an córas roinnte ina chatagóirí táirgí, oibreacha nó seirbhísí ag údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, sonróidh siad na critéir roghnúcháin is infheidhme maidir le gach catagóir.

D'ainneoin Airteagal 33, beidh feidhm ag na teorainneacha ama seo a leanas:

(a) is é 30 lá ón dáta a sheolfar an fógra conartha an íosteorainn ama chun iarrataí ar rannpháirtíocht a fháil. Ní bheidh feidhm ag teorainneacha ama breise chun iarrataí ar rannpháirtíocht a fháil a luaithe a sheolfar an cuireadh chun tairisceana maidir leis an gcéad soláthar sonrach faoin gcóras dinimiciúil ceannaigh;

(b) is é 10 lá ar a laghad ón dáta a sheolfar an cuireadh chun tairisceana an íosteorainn ama chun tairiscintí a fháil.

3. Is trí mheán leictreonach amháin a dhéanfar gach cumarsáid i gcomhthéacs córas dinimiciúil ceannaigh.

4. Chun conarthaí a dhámhachtain faoi chóras dinimiciúil ceannaigh, déanfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha an méid seo a leanas:

(a) gairm chun iomaíochta a fhoilsiú ina léireofar go soiléir go bhfuil córas dinimiciúil ceannaigh i gceist;

(b) léiriú a thabhairt sna doiciméid soláthair ar chineál agus cainníocht mheasta na gceannachán atá beartaithe ar a laghad, chomh maith leis an bhfaisnéis uile is gá a bhaineann leis an gcóras dinimiciúil ceannaigh, lena n-áirítear conas a oibríonn an córas dinimiciúil ceannaigh, an trealamh leictreonach a úsáidtear agus an nasc teicniúil a bhaineann leis na socruithe agus na sonraíochtaí;

(c) léiriú a thabhairt ar aon roinnt ina catagóirí táirgí, oibreacha nó seirbhísí a dhéantar agus na saintréithe a shainíonn iad;

(d) rochtain dhíreach neamhshrianta agus iomlán a thairiscint, fad a bheidh an córas bailí, ar na doiciméid soláthair.

5. Tabharfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha an deis d'aon oibreoir eacnamaíoch, le linn thréimhse bhailíochta iomlán an chórais dhinimiciúil ceannaigh, iarraidh ar rannpháirtíocht sa chóras a dhéanamh faoi na coinníollacha dá bhforáiltear i mír 2. Déanfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha a measúnú ar na hiarrataí sin a chur i gcrích i gcomhréir leis na critéir roghnúcháin laistigh de 10 lá oibre tar éis iad a fháil. Féadfar síneadh go 15 lá oibre a chur leis an sprioc-am sin i gcásanna aonair ina bhfuil údar cuí leo, go háirithe mar gheall ar an ngá atá le doiciméadacht bhreise a scrúdú nó chun a fhíorú ar shlí eile an gcomhlíontar na critéir roghnúcháin.

D'ainneoin na chéad fhomhíre, fad is nár seoladh an cuireadh chun tairisceana le haghaidh an chéad soláthair shonraigh faoin gcóras dinimiciúil ceannaigh, féadfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha síneadh a chur leis an tréimhse mheastóireachta ar choinníoll nach n-eisítear aon chuireadh chun tairisceana le linn na tréimhse meastóireachta fadaithe. Cuirfidh na húdaráis chonarthacha/na heintitis chonarthacha in iúl sna doiciméid soláthair fad na tréimhse fadaithe atá beartaithe acu a chur i bhfeidhm.

Déanfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha an t-oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann a chur ar an eolas a luaithe is féidir i dtaobh an ligeadh isteach nó nár ligeadh isteach sa chóras dinimiciúil ceannaigh é agus na cúiseanna atá leis sin ar iarraidh a fháil.

6. Iarrfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha ar na rannpháirtithe uile a ligtear isteach tairiscint a chur isteach le haghaidh gach soláthair shonraigh faoin gcóras dinimiciúil ceannaigh, i gcomhréir le hAirteagal 34. I gcás inar roinneadh an córas dinimiciúil ceannaigh ina chatagóirí oibreacha, táirgí nó seirbhísí, déanfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha cuireadh a thabhairt do na rannpháirtithe uile a ligeadh isteach sa chatagóir a chomhfhreagraíonn don soláthar sonrach lena mbaineann chun tairiscint a chur isteach.

Dámhfaidh siad an conradh ar an tairgeoir a chuir isteach an tairiscint is fearr ar bhonn na gcritéar dámhachtana a leagtar amach san fhógra conartha le haghaidh an chórais dhinimiciúil ceannaigh i gcomhréir le hAirteagal 47. Déanfar na critéir sin, i gcás inarb iomchuí, a fhoirmliú níos beaichte sa chuireadh chun tairisceana.

7. Léireoidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha tréimhse bhailíochta an chórais dhinimiciúil ceannaigh sa ghairm chun iomaíochta. Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi aon athrú ar an tréimhse bhailíochta, trí úsáid a bhaint as na foirmeacha caighdeánacha seo a leanas:

(a) i gcás ina n-athraítear an tréimhse bhailíochta gan an córas a fhoirceannadh, an fhoirm a úsáideadh ar dtús le haghaidh na gairme chun iomaíochta i gcás an chórais dhinimiciúil ceannaigh;

(b) i gcás ina bhfoirceanntar an córas, fógra dámhachtana conartha dá dtagraítear in Airteagal 30(3).

8. Féadfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha, ag aon tráth le linn thréimhse bhailíochta an chórais dhinimiciúil ceannaigh, a cheangal ar rannpháirtithe a ligtear isteach cruthúnas leordhóthanach a chur isteach a bhaineann leis na critéir le haghaidh roghnú cáilíochtúil.

9. Ní fhéadfar aon mhuirear a bhilleáil roimh thréimhse bhailíochta an chórais dhinimiciúil ceannaigh ná lena linn chuig na hoibreoirí eacnamaíocha a bhfuil leas acu sa chóras dinimiciúil ceannaigh nó atá ina bpáirtithe ann.';

(13) leasaítear Airteagal 30 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha a bhfuil sé de rún acu conradh nó creat-chomhaontú a dhámhachtain trí nós imeachta oscailte, nós imeachta srianta, nós imeachta idirbheartaíochta ina bhfoilsítear fógra conartha, idirphlé iomaíoch nó comhpháirtíocht nuálaíochta, cuirfidh siad a rún in iúl trí bhíthin fógra conartha.';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘2a. Seolfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha fógra faoi dhámhachtain conartha tar éis 30 lá ó dhámhachtain gach conartha a bheidh bunaithe ar chóras dinimiciúil ceannaigh. Féadfaidh siad, áfach, na fógraí sin a ghrúpáil ar bhonn ráithiúil. Sa chás sin, seolfaidh siad na fógraí grúpáilte laistigh de 30 lá ó dheireadh gach ráithe.’;

(14) leasaítear Airteagal 33 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. I nósanna imeachta srianta, i nósanna imeachta idirbheartaíochta ina bhfoilsítear fógra conartha, in úsáid idirphlé iomaíoch agus in úsáid comhpháirtíochta nuálaíochta, is é 37 lá ón dáta a sheolfar an fógra conartha an íosteorainn ama chun iarrataí ar rannpháirtíocht a fháil.

I gcás nósanna imeachta srianta, is é 40 lá ón dáta a sheolfar an cuireadh an íosteorainn ama chun tairiscintí a fháil agus i gcás nósanna imeachta oscailte, is é 35 lá ón dáta a sheolfar an fógra conartha an íosteorainn ama chun tairiscintí a fháil.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

‘7. I gcás nósanna imeachta oscailte, nósanna imeachta srianta agus nósanna imeachta idirbheartaithe ina bhfoilsítear fógra conartha, i gcás ina bhfágann práinn go bhfuil na híosteorainneacha ama a leagtar síos san Airteagal seo dofheidhmithe, féadfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha an méid seo a leanas a shocrú:

(a) teorainn ama chun iarrataí ar rannpháirtíocht a fháil nach mbeidh níos giorra ná 15 lá ón dáta a sheoltar an fógra conartha, nó níos giorra ná 10 lá más rud é gur seoladh an fógra trí mheán leictreonach, i gcomhréir leis an bhformáid agus an nós imeachta chun fógraí a sheoladh a leagtar amach i bpointe 3 d’Iarscríbhinn VI;

(b) i gcás nósanna imeachta srianta, ní bheidh an teorainn ama chun tairiscintí a fháil níos giorra ná 10 lá ó dháta an chuiridh chun tairisceana; agus

(c) i gcás nósanna imeachta oscailte, teorainn ama chun tairiscintí a fháil nach mbeidh níos giorra ná 15 lá ón dáta a seoladh an fógra conartha, nó níos giorra ná 10 lá más rud é gur seoladh an fógra trí mheán leictreonach, i gcomhréir leis an bhformáid agus leis an nós imeachta chun fógraí a sheoladh a leagtar amach i bpointe 3 d’Iarscríbhinn VI.’;

(15) in Airteagal 34, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. I nósanna imeachta srianta, nósanna imeachta idirbheartaíochta ina bhfoilsítear fógra conartha, idirphlé iomaíoch, agus comhpháirtíochtaí nuálaíochta, iarrfaidh na húdaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha, go comhuaineach agus i scríbhinn, ar na hiarrthóirí roghnaithe a dtairiscintí a chur isteach nó caibidlíocht a dhéanamh, nó, i gcás idirphlé iomaíoch, a bheith rannpháirteach san idirphlé, nó, i gcás comhpháirtíocht nuálaíochta, a bheith rannpháirteach.’;

(16) leasaítear Airteagal 35 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Déanfaidh na húdaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha, a luaithe is féidir, iarrthóirí agus tairgeoirí a chur ar an eolas faoi chinntí arna nglacadh maidir le conradh a dhámhachtain, creat-chomhaontú a thabhairt i gcrích nó cead isteach i gcóras dinimiciúil ceannaigh a thabhairt, lena n-áirítear na forais atá le haon chinneadh gan conradh a dhámhachtain, gan creat-chomhaontú a ndearnadh tairiscint iomaíoch ina leith a thabhairt i gcrích nó an nós imeachta a atosú nó gan córas dinimiciúil ceannaigh a chur chun feidhme; tabharfar an fhaisnéis sin i scríbhinn arna iarraidh sin ar na húdaráis chonarthacha/na heintitis chonarthacha.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Féadfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha a chinneadh faisnéis áirithe maidir le dámhachtain an chonartha, tabhairt i gcrích na gcreat-chomhaontuithe nó cead isteach i gcóras dinimiciúil ceannaigh a thabhairt dá dtagraítear i mír 1 a choinneáil siar, i gcás ina gcuirfí bac ar fhorfheidhmiú an dlí mar gheall ar scaoileadh na faisnéise sin, nó ina mbeadh sé sin contrártha ar shlí eile do leas an phobail, go háirithe leasanna cosanta agus/nó slándála, ina ndéanfadh sé dochar do leasanna dlisteanacha tráchtála oibreoirí eacnamaíocha, bídís poiblí nó príobháideach, nó ina bhféadfadh sé dochar a dhéanamh don iomaíocht chóir eatarthu.’;

(17) leasaítear Airteagal 38 mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

‘3. I nósanna imeachta srianta, nósanna imeachta idirbheartaithe ina bhfoilsítear fógra conartha, idirphlé iomaíoch agus comhpháirtíochtaí nuálaíochta, féadfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha teorainn a chur le líon na n-iarrthóirí oiriúnacha a dtabharfaidh siad cuireadh chun tairisceana dóibh nó lena ndéanfaidh siad idirphlé, nó, i gcás comhpháirtíocht nuálaíochta, a dtabharfaidh siad cuireadh chun bheith rannpháirteach di. Sa chás sin:’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. I gcás ina bhfeidhmíonn na húdaráis chonarthacha/na heintitis chonarthacha an rogha laghdú a dhéanamh ar líon na réiteach a bheidh le plé nó ar líon na dtairiscintí a bheidh le caibidliú, dá bhforáiltear in Airteagal 26(3), Airteagal 27(4) agus in Airteagal 27a(2) agus (5), déanfaidh siad amhlaidh trí na critéir dhámhachtana a luaitear san fhógra conartha nó i ndoiciméid an chonartha a chur i bhfeidhm. Sa chéim dheiridh, beidh fíoriomaíocht i gceist leis an líon a shocrófar a mhéid is ann do líon dóthanach réiteach nó iarrthóirí oiriúnacha.’;

(18) in Airteagal 42, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘7. I gcás conarthaí oibreacha, conarthaí seirbhíse agus oibríochtaí láithreánaithe nó suiteála i gcomhthéacs conradh soláthair, féadfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha a cheangal go ndéanfaidh an tairgeoir féin cúraimí criticiúla áirithe go díreach nó, i gcás inar grúpa oibreoirí eacnamaíocha a dhéanann an tairiscint a chur isteach amhail dá dtagraítear in Airteagal 5(2), go ndéanfaidh rannpháirtí sa ghrúpa sin iad.’;

(19) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach i dTeideal II, Caibidil VII, Roinn 3:

'Airteagal 49a

Modhnú a dhéanamh ar chonarthaí le linn a dtéarma

1. Féadfar conarthaí agus creat-chomhaontuithe a mhodhnú gan nós imeachta soláthair nua i gcomhréir leis an Treoir seo in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina ndearnadh foráil sna doiciméid soláthair tosaigh maidir leis na modhnuithe, gan beann ar a luach airgeadúil, i gclásail shoiléire bheachta dhoshéanta athbhreithniúcháin, a bhféadfadh clásail athbhreithniúcháin praghais, nó roghanna a bheith ar áireamh iontu. Luafar sna clásail sin raon feidhme agus cineál na modhnuithe nó na roghanna féideartha chomh maith leis na coinníollacha faoina bhféadfar iad a úsáid. Ní dhéanfar foráil iontu maidir le modhnuithe ná roghanna lena n-athrófaí cineál foriomlán an chonartha nó an chreat-chomhaontaithe;

(b) i gcás oibreacha, seirbhísí nó soláthairtí breise ón gconraitheoir bunaidh a bhfuil gá leo anois agus nach raibh san áireamh sa soláthar tosaigh i gcás nach féidir an conraitheoir a athrú:

(i) ar chúiseanna eacnamaíocha nó teicniúla amhail ceanglais i dtaobh idirmhalartaitheacht nó idir-inoibritheacht le trealamh, seirbhísí nó suiteálacha atá ann cheana agus a soláthraítear faoin soláthar tosaigh; agus

(ii) ina mbeadh an t-athrú sin ina chúis le míchaoithiúlacht nach beag nó dúbailt shubstaintiúil costas don údarás conarthach/eintiteas conarthach;

Mar sin féin, ní rachaidh aon ardú ar phraghas thar 50 % de luach an chonartha bunaidh. I gcás ina ndéanfar roinnt modhnuithe i ndiaidh a chéile, beidh feidhm ag an teorainn sin maidir le luach gach modhnaithe. Ní bheidh sé d'aidhm ag na modhnuithe sin a dhéanfar i ndiaidh a chéile imchéimniú a dhéanamh ar an Treoir seo;

(c) i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:

(i) ní fhéadfadh údarás conarthach/eintiteas conarthach dúthrachtach na himthosca is cúis leis an modhnú a thuar roimh ré;

(ii) ní athraítear cineál foriomlán an chonartha mar gheall ar an modhnú; agus

(iii) níl aon ardú ar phraghas níos mó ná 50 % de luach an chonartha bunaidh nó an chreat-chomhaontaithe bunaidh. I gcás ina ndéanfar roinnt modhnuithe i ndiaidh a chéile, beidh feidhm ag an teorainn sin maidir le luach gach modhnaithe. Ní bheidh sé d'aidhm ag na modhnuithe sin a dhéanfar i ndiaidh a chéile imchéimniú a dhéanamh ar an Treoir seo;

(d) i gcás ina dtagann conraitheoir nua in ionad an chonraitheora a ndearna an t-údarás conarthach/eintiteas conarthach an conradh a dhámhachtain air ar dtús mar thoradh ar cheann de na nithe seo a leanas:

(i) clásal athbhreithniúcháin doshéanta nó rogha i gcomhréir le pointe (a);

(ii) comharbas uilíoch nó páirteach ar ról an chonraitheora tosaigh, i ndiaidh athstruchtúrú corparáideach, lena n-áirítear táthcheangal, cumasc, éadáil nó dócmhainneacht, oibreora eacnamaíoch eile a chomhlíonann na critéir maidir le roghnú cáilíochtúil a bunaíodh ar dtús ar choinníoll nach mbeidh modhnuithe substaintiúla eile ar an gconradh i gceist leis sin agus nach bhfuil sé dírithe ar imchéimniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach seo; nó

(iii) i gcás ina nglacfaidh an t-údarás conarthach/an t-eintiteas conarthach féin oibleagáidí an phríomhchonraitheora i leith a fhochonraitheoirí i gcás ina bhforáiltear don fhéidearthacht sin faoin reachtaíocht náisiúnta de bhun Airteagal 21;

(e) i gcás nach bhfuil na modhnuithe substaintiúil, gan beann ar a luach, de réir bhrí mhír 4.

Údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha a bhfuil modhnú déanta acu ar chonradh sna cásanna dá dtagraítear i bpointí (b) agus (c) den mhír seo, foilseoidh siad fógra chuige sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. San fhógra sin, beidh an fhaisnéis a cheanglaítear mutatis mutandis a thabhairt i bhfógra dámhachtana conartha.

2. Thairis sin, agus gan aon ghá a fhíorú an gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach faoi mhír 4, pointí (a) go (d), féadfar conarthaí a mhodhnú freisin gan gá le nós imeachta soláthair nua i gcomhréir leis an Treoir seo, i gcás ina bhfuil luach an mhodhnaithe faoi bhun an dá luach seo a leanas:

(a) na tairseacha a leagtar amach in Airteagal (8); agus

(b) 10 % de luach tosaigh an chonartha le haghaidh conarthaí seirbhíse agus soláthair agus faoi bhun 15 % de luach tosaigh an chonartha le haghaidh conarthaí oibreacha.

Mar sin féin, ní fhéadfar cineál foriomlán an chonartha nó an chreat-chomhaontaithe a athrú leis an modhnú. I gcás ina ndéantar roinnt modhnuithe i ndiaidh a chéile, is ar bhonn ghlanluach carnach na modhnuithe i ndiaidh a chéile a dhéanfar an luach a mheas.

3. Chun an luach a luaitear i mír 1, pointí (b) agus (c) agus i mír 2 a ríomh, is é an luach nuashonraithe an luach tagartha i gcás ina n-áirítear clásal innéacsaithe sa chonradh.

4. Measfar gur modhnú substaintiúil a bheidh i modhnú a dhéanfar ar chonradh nó ar chreat-chomhaontú le linn a théarma de réir bhrí mhír 1, pointe (e), i gcás ina bhfágfaidh sé go mbeidh difríocht ábhartha idir an conradh nó an creat-chomhaontú ó thaobh ábhair de agus an conradh nó an creat-chomhaontú a tugadh i gcrích ar dtús. In aon chás, gan dochar do mhíreanna 1 agus 2, measfar gur modhnú substaintiúil a bheidh ann i gcás ina gcomhlíonfar ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tugtar isteach leis an modhnú coinníollacha lena gceadófaí, dá mbeidís ina gcuid den nós imeachta soláthair tosaigh, iarrthóirí eile a ligean isteach seachas iad siúd a roghnaíodh ar dtús nó glacadh le tairiscint seachas an tairiscint ar glacadh léi ar dtús nó lena meallfaí rannpháirtithe breise sa nós imeachta soláthair;

(b) leis an modhnú, athraítear cothromaíocht eacnamaíoch an chonartha nó an chreat-chomhaontaithe i bhfabhar an chonraitheora ar bhealach nach ndearnadh foráil dó sa chonradh tosaigh nó sa chreat-chomhaontú tosaigh;

(c) leathnaítear raon feidhme an chonartha nó an chreat-chomhaontaithe go mór leis an modhnú;

(d) i gcás ina dtagann conraitheoir nua in ionad an chonraitheora a ndearna an t-údarás conarthach/an t-eintiteas conarthach an conradh a dhámhachtain air ar dtús i gcásanna eile seachas na cásanna sin dá dtagraítear i mír 1, pointe (d).

5. Beidh gá le nós imeachta soláthair nua i gcomhréir leis an Treoir seo le haghaidh modhnuithe eile ar fhorálacha conartha nó creat-chomhaontaithe le linn a théarma seachas na modhnuithe sin dá bhforáiltear faoi mhíreanna 1 agus 2.';

(20) in Airteagal 52(6), an tríú fomhír, cuirtear '10 mbliana' in ionad '7 mbliana';

(21) in Airteagal 55, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Tá feidhm ag na nósanna imeachta athbhreithniúcháin dá bhforáiltear sa Teideal seo maidir leis na conarthaí dá dtagraítear in Airteagal 2, lena n-áirítear creat-chomhaontuithe agus córais dhinimiciúla cheannaigh, faoi réir na n-eisceachtaí dá bhforáiltear in Airteagail 12 agus 13.';

(22) in Airteagal 58, pointe (c), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'i gcás conradh atá bunaithe ar chreat-chomhaontú amhail dá bhforáiltear in Airteagal 29 agus i gcás conradh atá bunaithe ar chóras dinimiciúil ceannaigh amhail dá bhforáiltear in Airteagal 29a.';

(23) in Airteagal 60(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) sna cásanna dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 58, pointe (c), inar agair na Ballstáit an maolú ar an tréimhse neamhghníomhaíochta le haghaidh conarthaí atá bunaithe ar chreat-chomhaontú nó ar chóras dinimiciúil ceannaigh.';

(24) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 65:

'*Airteagal 65*

Oibleagáidí staidrimh

1. Chun go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar thorthaí chur i bhfeidhm na Treorach seo, déanfaidh na Ballstáit tuarascáil staidrimh, arna hullmhú i gcomhréir le hAirteagal 66, ina dtabharfar aghaidh ar chonarthaí soláthair, seirbhísí agus oibreacha arna ndámhachtain ag údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha le linn na bliana roimhe sin, a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún tráth nach déanaí ná an 31 Deireadh Fómhair gach bliain.

2. De mhaolú ar mhír 1, déanfar an oibleagáid a leagtar amach inti a chur ar fionraí go sealadach go dtí an 31 Nollaig 2030, rud a chomhfhreagraíonn do thréimhse pleanála ullmhachta cosanta an Aontais.';

(25) scriostar Airteagal 68;

(26) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 73:

'*Airteagal 73*

Athbhreithniú agus tuairisciú

Faoin 1 Eanáir 2031, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur chun feidhme na Treorach seo i gcomhthéacs ullmhacht cosanta na hEorpa a fheabhsú faoi 2030 agus déanfaidh sé an méid sin a thuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Déanfar meastóireacht, go háirithe, i dtaobh ar baineadh amach cuspóirí na Treorach seo agus ar a mhéid a baineadh amach iad, maidir le, inter alia, feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus leis an aidhm ullmhacht cosanta na hEorpa a fheabhsú faoi 2030. Sa tuarascáil uaidh, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú go háirithe ar chur i bhfeidhm Airteagal 8 agus Airteagal 28(2). I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin.'.

Airteagal 3

Trasuí

1. Glacfaidh agus foilseoidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, faoin 24 Samhain 2027. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

Cuirfidh siad na bearta sin i bhfeidhm faoin 24 Feabhra 2028.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh an tagairt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a leagfaidh síos na modhanna chun an tagairt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 5

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna déanamh in Strasbourg, an 21 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
R. METSOLA	T. DOOLEY

Rinneadh ráiteas maidir leis an ngníomh seo agus is féidir teacht air in IO C, C/2026/5559, 3.11.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/5559/oj.